


Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019 – 2021

# DIFREÁIL A FHORBAIRT, FÁS A GHNÓTHÚ

Borradh a chur faoi rath Bhia agus Ghairneoireacht na hÉireann.

Bord Bia
Irish Food Board

| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **4** |
| **Na Fórsaí a Mhúnlaíonn an Todhchaí** | **6** |
| **Eagraíocht faoi réir ag Fís agus Cuspóir** | **27** |
| **Tosaíochtaí Straitéiseacha** | **30** |
| • Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint (RTM) | 32 |
| • Léargas d'fhonn Fás a Chumhachtú | 34 |
| • Cáil maidir le Fás a Thógáil | 36 |
| • Ceannaireacht trí bhíthin Daoine | 40 |
| **Achoimrí ar Straitéis Earnála** | **42** |
| • Feoil & Beostoc | 44 |
| • Déiríocht | 46 |
| • Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe | 48 |
| • Gairneoireacht | 50 |
| • Bia Mara | 52 |
| • Gnó Beag | 54 |
| • Alcól | 56 |
| **Aguisín: Staidéar ar Bheartú Tosaíochta Margaidh** | **58** |






# Baineann feidhmíocht na hearnála bia, dí agus gairneoireachta barr feabhais amach i gcónaí.

Fós féin, táimid ag pointe ríthábhachtach do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann sa lá atá inniu ann. Ar thaobh amháin, tá éiginnteacht mhór sa timpeallacht seachtrach, atá láncaomhnaitheachta agus luaineachtaí airgeadraí. Tá an margadh is gaire agus is tábhachtaí dúinn, an Ríocht Aontaithe, fós ag iarraidh ciall a bhaint as Brexit, rud a chruthaíonn dúshláin d'Éirinn agus a éilíonn freagairt chliste agus solúbtha ó Bhord Bia. Tréimhse dhúshlánach atá ann dár bhfeirmeoirí, ar páirtithe leasmhara bunúsacha iad do Bhord Bia, agus iad faoi bhrú ag iomaíochas domhanda atá ag méadú, timpeallacht rialála athraitheach agus éileamh atá ag fás maidir le solúbthacht sa táirgeacht. Ar an taobh eile, cruthaítear deiseanna suntasacha ag an leathnú agus ag an bhfás i margaí nua domhanda. Tháinig ardú 317% ar onnmhairí chun na hÁise idir 2010 agus 2018 agus tháinig ardú ó 4% go 9% ar chion ár n-onnmhairí bia agus dí iomlána chun na hÁise sa tréimhse chéanna. Tháinig ardú beagnach 80% ar an iomlán tagartha ar onnmhairí déiríochta agus tháinig méadú faoi níos mó ná ceathair ar an líon iomlán onnmhairí bia mara idir 2010 agus 2018.

Táimid den tuairim, mar sin, gur tráthúil é ár Ráiteas Straitéise 2019-21 a sheoladh go muiníneach, faoi threoir ag smaointeoireacht straitéiseach athnuaite atá mar bhonn lenár bhfócas seasta agus leis an tslí a n-oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara, faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Táimid níos tiomanta ná riamh do fhreagairt ar shlí thapa agus sholúbtha sa timpeallacht ghnó seo a bhíonn ag athrú go tapa. Féachfaimid arís ar an doiciméad straitéiseach trí bliana seo gach bliain, mar sin, agus déanfaimid athrú mar is gá lena áirithiú go dtabharfaidh Bord Bia an freastal is fearr is féidir dá pháirtithe leasmhara.

Éilíonn an domhan athraitheach seo ar Bhord Bia dul in oiriúint dó go leanúnach, agus tugtar breac-chuntas sa Ráiteas Straitéise seo ar an tslí a dtabharfaimid aghaidh ar an dúshlán. Is uirlis pleanála bheo é an Ráiteas Straitéise seo a bheidh mar bhonn eolais dár n-eagraíocht inmheánach sna trí bliana amach romhainn, chomh maith le bheith ina chomhartha ceannaireachta don saol lasmuigh. Forbraítear go leor de na téamaí i ráiteas straitéise 2016-18 'Difear an Domhain a Dhéanamh' (inbhuanaitheacht, difreáil ar mhaithe le fás), mar tá siad fós ag croílár ár rathúlachta agus sin ag oibriú i dtreo ár bhFís do 2025. Go deimhin, féachaimid ar Origin Green, an freagra uathúil, iomlánaíoch atá againn ar cheannaire na hinbhuanaitheachta a dhéanamh de bhia agus deoch na hÉireann, mar cheann de na huirlisí is tábhachtaí atá againn ó thaobh na difreála de sa tréimhse amach romhainn. Tugtar téamaí nua, tábhachtacha isteach leis freisin, rud a thugann cumhacht dár bhfreagairt sa mhargadh. Is cuid den tslí a dtabharfaimid aghaidh ar na dúshláin agus a dtógfaimid gnólachtaí ár gcliant ar deireadh iad téamaí amhail beartú tosaíochta margaidh, díriú ar fhás eacnamaíochta a sholáthar, inbhuanaitheacht eacnamaíoch d'fheirmeoirí, tiomantas níos doimhne do dhaoine sa mhargadh, agus tiomantas do ghníomhú mar 'aon Bhord Bia iomlánaíoch amháin'.

Le linn saolré na Straitéise seo, tabharfaimid faoi dhul chun cinn i dtreo táirgeacht bia inbhuanaithe agus beidh tiomantais shoiléire againn chun tacú le gach gné den Tionscal. Beidh sraith nua de Luachanna inmheánacha mar bhonn taca do Bhord Bia atá leathnaithe, comhtháite go maith agus a bhfuil líonra láidir aige, d'fhonn an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt dár gcliaint.




Is léir ón suirbhé a rinneamar le déanaí ar ár gcliantchuideachtaí, agus ón taighde fairsing a rinneadh chun an Straitéis seo a athnuachan, cé go bhfuil láidreachtaí iontacha againn agus go measann ár gcliaint gur comhpháirtí luachmhar sinn, nach mór dúinn bheith níos uaillmhianaí agus fanacht dírithe go diongbháilte ar riachtanais agus ar fhás gnó ár bpáirtithe leasmhara. Táimid ag iarraidh a bheith inár gcomhpháirtithe éigeantacha don tionscal. Taispeántar sa Straitéis seo ceannaireacht Bhord Bia ar ár n-acmhainn chomhroinnte ó thaobh na foghlama de. Táimid ag féachaint chuige go seasfaidh ár bhfás an aimsir ach Tosaíochtaí Straitéiseacha soiléire á n-aithint, agus cáil níos láidre as bia agus deoch na hÉireann a sholáthar chun leasa gach duine.

Aithnítear sa Straitéis freisin an comhthéacs straitéiseach níos leithne ina bhfeidhmíonn Bord Bia. Tógann sé ar Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia, comhordaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara (DAFM), a leagann amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia chomh fada le 2025. Is eagraíocht sinn a bhfuil cuspóir bríoch, spreagúil againn agus is inspioráideach í an chéim amach romhainn–lán dúshláin, soirbheachais, deiseanna agus brí.

Táimid uaillmhianach dár bpobal agus don earnáil. Bí linn ar an aistear spreagúil seo.

**Dan MacSweeney
- Cathaoirleach**

**Tara McCarthy
- Príomhfheidhmeannach**



**€12.1bn a bhí in onnmhairí bia agus dí na hÉireann in 2018, rud a léiríonn fás suntasach le hocht mbliana anuas - 64% agus €4.7 billiún ó 2010.**

## Forbraíodh an Ráiteas Straitéise i gcomhthéacs athruithe sa timpeallacht oibriúcháin. Is féidir na hathruithe sin a fho-roinnt ina dtrí chatagóir:







### Macrafhórsaí an athraithe

Seo na fórsaí sóisialta, teicneolaíochta, timpeallachta, eacnamaíochta agus polaitiúla a mhúnlaíonn an timpeallacht ghnó. Léiríonn siad macrafhórsaí domhanda fadtéarmacha an athraithe, leis an gcumas roinnt mhaith gnéithe dár saol a athmhúnlú. Agus méid na n-athruithe seo á gcur san áireamh measaimid go mbeidh siad ábhartha agus go mbeidh tionchar acu thar na deich mbliana romhainn agus ina ndiaidh.

### Comhrianta Bia

Léiríonn siad seo roinnt de na mórathruithe sa chóras bia domhanda — is é sin na mórthreochtaí a fheicimid ag múnlú an tslí ina ndéanaimid bia a fhoinsiú, a tháirgeadh agus a ídiú. Tiomáintear na hathruithe seo go minic ag an macraidhinimic a luadh thuas, agus ba chóir go mbeadh tábhacht leo agus athmhúnlú á dhéanamh ar an gcóras bia as seo go ceann cúig nó deich mbliana.

### Treochtaí Tomhaltóra

Léiríonn siad seo athruithe inbhuanaithe i ndearcthaí, luachanna agus iompar a thiomáineann athruithe i roghanna agus i riachtanais tomhaltóra/lucht siopadóireachta. Tá na hathruithe seo in iompar tomhaltóra níos gearrthéarmaí, agus cuidíonn de ghnáth sinn a threorú go ceann dhá bhliain go cúig bliana. Déanann Clár Treochtaí Stíl Bheatha Bhord Bia treochtaí tomhaltóra a rianú ar bhonn leanúnach.



# Macrafhórsaí an Athraithe



# 1. Ardú ar Chaomhnaitheacht



Tá borradh tagtha faoin tacaíocht don oileánachas polaitiúil agus eacnamaíochta agus tá ardú ar an tacaíocht do bhearta caomhnaitheacha.



Tá athrú tagtha ar chothromaíocht na cumhachta sa domhan mar gheall ar fhás mall agus luaineacht níos géire i dtíortha forbartha, agus tionscail faoi bhláth agus méadú ar an meánaicme i dtíortha i mbéal forbartha.



# 2. Domhain Ilpholacha



# 3. Cumhachtú Eacnamaíoch Méadaitheach na mBan

Meastar go rachaidh tuairim is billiún bean isteach san fhórsa saothar domhanda sna scór bliain amach romhainn. Is i náisiúin atá ag teacht chun cinn agus ag forbairt is mó a fheicfear an t-athrú seo, agus cuirfidh sé athrú leasú suntasach ar thionchar eacnamaíochta agus polaitiúil na mban.



# 4. Mear-Uirbiú

Tá méadú fíorthapa ag teacht ar uirbiú de bharr imirce shuntasach, leanúnach ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha. Faoin mbliain 2050, beidh dhá thrian de dhaonra an domhain ina gcónaí i gcathracha i gcomparáid le beagán os cionn a leath sa lá atá inniu ann.

# 5. Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar an ‘Seanaois’

Tá athrú ollmhór ag teacht ar an tuiscint ar an ‘seanaois’, faoi thiomáint ionchas saoil níos faide agus saibhreas méadaitheach na ndaoine níos sine. Tá níos mó tionchair eacnamaíochta agus tionchar sóisialta ag daoine breacaosta, rud atá ag cur deireadh leis na teorainneacha traidisiúnta a chuirtear ar dhaoine breacaosta.





# 6. Céimeanna Saoil agus Struchtúir Teaghlaigh atá ag athrú

Tá moilliú ag teacht ar dhul i mbun na gcéimeanna saoil traidisiúnta– pósadh, cónaí le do chéile agus leanaí a bheith ag daoine – agus tomhaltóirí ag dul i mbun raon níos leithne de stíleanna maireachtála. Mar thoradh air sin, tá athrú ag teacht ar struchtúir agus ar mhéideanna teaghlach.



# 7. Nascacht Dhigiteach atá ag Fás

Tá nascacht dhigiteach ag éirí níos coitianta ar fud an domhain agus ardú ag teacht go leanúnach ar dhul i bhfód fóin phóca agus an idirlín. Tá an t-aos óg ag fás aníos ina 'ndigiteoirí dúchasacha', gan taithí acu ar an domhan mar a bhí roimh an méid seo digítithe.



# 8. Brú Méadaitheach ar an gComhshaol

De réir mar a leanann daonra an domhain ar aghaidh ag fás, cuirtear brú méadaitheach ar acmhainní comhshaoil, agus ardú ag teacht ar an ngá le talamh, uisce agus bia. Is léir iarmhairtí an ró-thomhaltais seo agus bagairt an athraithe aeráide ag dul i méid.

# 9. Ardú ar Ghalair Neamhtheagmhálacha

Tá rathúnas atá ag dul i méid agus rochtain ar bhianna saoráideacha agus próiseáilte ar fud an domhain ag díriú ar tharlú níos airde riochtaí sláinte bagrach don bheatha mar mhurtall, diaibéiteas agus galar croí.





# Comhrianta Bia



# 1. Brúnna nua ar Phacáistiú

Tá ar chuideachtaí dul i mbun nuálaíochta go fíorthapa maidir lena bpacáistiú, chun freastal ar éilimh an tomhaltóra agus mar gheall ar bhrú rialála chun dramhaíl a íoslaghdú.





Agus srian ag teacht i gcónaí ar acmhainní, beidh ar tháirgeoirí agraibhia úsáid a bhaint as réimse nuálaíochtaí teicneolaíochta nua chun freastal ar an éileamh domhanda ar tháirgí.



# 2. Nuálaíocht Talmhaíochta chun Éifeachtúlacht a Mhéadú



# 3. Trédhearcacht Cumasaithe don Teicneolaíocht

Agus scannail bhia á bhfógairt ar an nuacht arís is arís eile, éileoidh tomhaltóirí deimhniú maidir le cáilíocht. Tá táirgeoirí agus déantúsóirí ag úsáid na teicneolaíochta chun an mhuinín sin a chothú.



# 4. Ceannach faoi threoir ag Algartaim


De réir mar a éiríonn teicneolaíochtaí faoi threoir ag comhrá níos coitianta sa bhaile, beidh ar bhrandaí díriú níos mó ar algartaim ná ar thomhaltóirí go díreach.

# 5. Dearcthaí Athraitheacha ar Fheoil



I margaí atá ag teacht chun cinn, tá tomhaltóirí ag déanamh ath-mheasúnú ar a spleáchas ar fheoil mar chroílár béilí, go háirithe feoil dhearg amhail mhairteoil. Bhíodh feoil ina cuid lárnach de bheagnach gach béile tráth, ach tá tomhaltóirí ag athrú a n-ionchas anois agus ag tosú ag ithe béilí gan feoil.

# 6. Inspioráid Ar Líne



Agus na meáin shóisialta fós ceannasach i saolta na dtomhaltóirí, is iad an phríomh-fhoinse inspioráide agus fionnachtana bia iad. Tá tionchairí meán sóisialta ceannasach sa chomhrá faoi bhia, agus iad ag déanamh bolscaireachta ar tháirgí, bhéilí agus stíleanna maireachtála.



# 7. Bia mar Leigheas

De réir mar a éiríonn tomhaltóirí níos forghníomhaí agus níos iomlánaíche ina gcur chuige ó thaobh a sláinte a bhainistiú, tá siad ag tabhairt tábhacht níos mó don ról atá ag bia ina saol. Is é an tuiscint atá acu gur fheithicil don tsláinte é an bia, ar leibhéal macrachothaitheach agus micreachothaitheach.



# 8. Cur Isteach ar Chainéil

Siopadóireacht uair sa tseachtain a bhíodh ar an modh ceannasach, nó ar an aon mhodh amháin fiú, chun siopadóireacht bia a dhéanamh, ach tá réimse cainéal i bhfad níos leithne ar fáil anois.

# 9. Táirgí Bia Ilroinnte



De réir mar a éiríonn saolta tomhaltóirí níos fuadraí, ní itheann daoine trí bhéile sa lá níos mó, ach tá nósanna ídithe níos solúbtha acu.




# Eagraíocht faoi réir ag Fís agus Cuspóir





# Ár bhFís do Thionscal Bia agus Dí na hÉireann 2025

Is ionann fís chomhsheasmhach agus cúrsa seasta a leanúint. Níl athrú ar bith tagtha ar fhís Bhord Bia (mar a shonraítear thíos) agus léirítear léi an rún atá againn bheith i gceannas ar tháirgeadh agus ar mhargaíocht bhia agus deoch den chéad scoth as Éirinn, agus tacú leis sin. Is é Origin Green, ar chomhartha den scoth ar inbhuanaitheacht é, atá mar bhunús leis an rún sin. Leis an bhfís seo, spreagtar soiléireacht agus diongbháilteacht, agus freastalaíonn gach rud a luaitear sa chaibidil seo uirthi.



**Aithníonn custaiméirí mórthimpeall an domhain go bhfuil bia agus deoch na hÉireann den scoth: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharach.**

**Agus leagann ár dtáirgeoirí síos an caighdeán domhanda i dtáirgeadh inbhuanaithe – iad ag teacht leis an bhfreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don sochaí agus do na glúnta atá le teacht. Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh am níos fearr riamh chun gníomhú agus sampla a thabhairt don domhan.**



**"Táirgí iontacha bia, di agus gairneoireachta na hÉireann a chur faoi bhráid an tsaoil, agus mar sin fás agus inbhuanaitheacht táirgeoirí a chumasú."**

## Ár gCuspóir

Cabhraíonn ár gcuspóir (mar a leagadh amach thuas), le tosaíocht, fócas agus inspioráid a chur leis an gcúis is ann do Bhord Bia. An ról atá againn, cur go suntasach le rathúlacht seasta bhia agus deoch na hÉireann fad a léirímid bród ollmhór as táirgí na hearnála, as na daoine a n-oibríonn inti, as an áit atá aici agus as an dul chun cinn a dhéanann sí. Dírímid ar thacú lenár gcliaint (táirgeoirí agus feirmeoirí) agus iad a chumasú le go bhféadfaidh siad oibriú i mbarr a réime agus táirgí iontacha bia, di agus gairneoireachta na hÉireann a chur faoi bhráid an tsaoil.

Is é ár gcuspóir an réalta eolais a bheidh againn sa tréimhse 2019-2021, an t-údar linn; cabhrú le cliaint a spriocanna a bhaint amach.

## Smaoineamh Mór Aontaitheach Bhord Bia

Measaimid go mbaineann cumhacht lena bheith in ann a chur in iúl, in aon fhrása simplí amháin, an t-údar linn agus a bhfuil i gceist linn. Cabhraíonn sin linn go hinmheánach a chinntiú go mbreathnaímid ar an scéal iomlán seachas díreach ar phróisis agus ar amlínte. Cabhraíonn sé linn agus sinn i mbun caidrimh le páirtithe leasmhara ar feadh na heagraíochta, ag cruthú comhthuisceana maidir leis an tslí a bhfuil sé mar rún ag Bord Bia luach a sholáthar.

Is é an cur síos a dhéanaimid ar ár smaoineamh mór aontaitheach 'Fás Inbhuanaithe Difreáilte'. Is éard atá i gceist againn le 'Difreáilte', gur fúinn atá sé a mhíniú cén fáth go bhfuil bia agus deoch na hÉireann uathúil agus gur féidir le táirgeoirí agus feirmeoirí bheith ina n-úinéirí orthu, agus dá bharr sin gur féidir le tomhaltóirí iad a aithint agus breathnú orthu mar nithe ábhartha. Tá dhá rud i gceist againn le 'Inbhuanaithe': tagairt dár gceannaireacht ar inbhuanaitheacht trí bhíthin Origin Green, agus aitheantas gurb é an ról atá againn luach dár bpáirtithe leasmhara a chruthú go fadtéarmach, agus fanacht glan ó mhodhanna faiseanta nach maireann ach seal agus a fhéadann cur isteach ar spriocanna. Is éard atá i gceist againn le 'Fás', go bhfuil ról againn chun fás gnó a thógáil dár bpáirtithe leasmhara. Sa chiall sin, athraímid an bhéim ón bpróiseas (an rud a dhéanaimid) go dtí an toradh (an méid a bhainimid amach dár bpáirtithe leasmhara).

Breathnaímid ar an bhfrása 'Fás Inbhuanaithe Difreáilte' mar spreagadh do Bhord Bia, ag feidhmiú mar réalta eolais i ngach a ndéanaimid.

## Beartú tosaíochta is cúis le rathúlacht: bheith ar an eolas faoi cad é is tábhachtaí agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teoranta. Tá ceithre Thosaíocht Straitéiseacha aitheanta againn a bheidh mar bhunús le gach a ndéanaimid sa tréimhse 2019-2021. Maidir le gach ceann díobh, tá na téamaí taobh thiar dár smaointeoireacht curtha in iúl againn, chomh maith le sraith gníomhartha trína ndíreofar ár n-iarrachtaí.

Ar dtús, agus é mar chomhartha ar ár bhfócas tráchtála, tá 'Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint'. Tugtar sonraí anseo faoinár bpleananna chun gnó a thiomáint trí bhíthin chaidreamh a bhainistiú, léargas a threorú agus láithreacht agus éifeachtacht na hacmhainne is luachmhaire againn: ár ndaoine.

Leis an dara tosaíocht, 'Léargas d'fhonn Fás a Chumhachtú', dearbhaítear an ról lárnach maidir le smaointeoireacht níos fearr chun torthaí níos fearr a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara. Anseo, déantar cur síos ar an ról lárnach atá ag léargas ar feadh na heagraíochta agus maidir le tomhaltóirí, custaiméirí, cainéil agus níos mó.

'Cáil maidir le Fás a Thógáil' an tríú tosaíocht, lena dtugtar mionsonraí faoin tslí a bhfuil sé ar intinn againn cáil a thógáil trí bhíthin fhorbairtí lárnacha i réimsí amhail miondifríocht chultúrtha, dul i bhfód go mothúchánach agus ár gcumas torthaí a thomhas. Tugtar tuairisc anseo freisin ar ról ríthábhachtach Origin Green ó thaobh difreáil a thiomáint agus ábharthacht do bhia agus deoch na hÉireann ar leibhéal na cáile i measc custaiméirí agus tomhaltóirí.

Leis an gceathrú tosaíocht straitéiseach, 'Ceannaireacht trí bhíthin Daoine', tugtar fócas agus soiléire dár bpleananna do na daoine cumasacha, a bhfuil idir uaillmhian agus paisean acu, a oibríonn ag Bord Bia. Leagtar amach mionsonraí anseo faoi na pleananna atá mar bhonn eolas faoinár gcreideamh maidir le fiontraíocht, cumhachtú agus éagsúlacht a chothú, fad a oibrítear i gcónaí lena chinntiú go bhfuilimid ag déanamh caidrimh le glúnta nua daoine, arb iad todhchaí chultúr beoga bia agus dí na hÉireann.

### Ceithre Thosaíocht Straitéiseacha:

1. Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint
2. Léargas d'fhonn Fás a Chumhachtú
3. Cáil maidir le Fás a Thógáil
4. Ceannaireacht trí bhíthin Daoine



# *Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint – dianfhócas ar shainbhainistiú earnála agus cainéal mar eiseamláir do chomhpháirtithe*

**Is ann do Bhord Bia chun rathúlacht agus fás ghnólachtaí ár gcliant sna margaí a éascú agus tacú leis. Is é an sprioc saindírithe sin údar na heagraíochta agus is é soláthar na sprice sin ar bhealach níos cumhachtaí atá taobh thiar de na hathruithe straitéiseacha go léir atá beartaithe againn.**

Feicfear idir dhúshláin agus deiseanna sa tréimhse 2019-2021, agus tá plean á thógáil againn atá dírithe ar fhreagairt don neamhchinnteacht (caomhnaitheacht níos mó, luainiú airgeadraí) agus ar acmhainneacht (mearfhorbairt ar mhargaí na hÁise, margaí ag oscailt san Afraic, spéis níos mó i nithe áitiúla sa bhaile). D'éisteamar go cúramach lenár gcliaint agus tuigimid an spéis atá acu inár gcomhoibriú a neartú agus sinn ag géarú ar na maidí sna margaí áit a ndéantar gnó. Aithnímid freisin an deis sa mhargadh baile maidir le fás cliant, agus tomhaltóirí ag gluaiseacht i dtreo nithe áitiúla mar nithe bia agus dí den scoth.

An toradh air sin uile, plean a théann go croílár Bhord Bia, agus a neartaíonn a inneall príomha.

Tugaimid ár ndúshlán go leanúnach an úsáid is fearr is féidir a úsáid as ár n-acmhainní chun an toradh is fearr is féidir a sholáthar do chliaint. Tá bun simplí leis sin: ár gcumas ó thaobh margaí a thuar agus sármhaitheas iomaíoch na hÉireann i mbia agus deoch a mheaitseáil leis na margaí ina bhfuil riachtanais chustaiméirí agus atá sách mór chun na torthaí is mó is féidir a bhaint amach. Is téama de chuid ár ngníomhaíochtaí margaidh uile é cinneadh agus gníomhachtú a dhéanamh ar an ailíniú seo idir an méid is fearr atá Éire in ann a tháirgeadh agus na margaí is fearr chun ár bpoitéinseal a uasmhéadú. Leanfaimid den mhéid sin a chumasú go hiomlán le tacaíocht ó léargais ar an margadh, ar earnálacha agus ar thomhaltóirí agus le fócas úrnua ar smaointeoireacht straitéiseach fhorghníomhach.

Táimid tiomanta go hiomlán foirne agus scileanna ábhartha Bhord Bia a chomhtháthú d'fhonn seirbhísí a threoraíonn an margadh a sholáthar do chliaint ar a n-aistear chun na margaí (margaí a aimsiú; an bua a bhaint amach sa mhargadh). Creidimid go ndéantar gnó trí bhíthin sholáthar sraithaithe agus dinimiciúil seirbhíse do chliaint, lena n-áirítear:

- ***Faisnéis faoin Margadh:*** a chinntiú go dtuigimid na critéir le haghaidh rathúlacht i margadh ar bith agus léargas a chur ar fáil chun breithiúnas cruinn a thabhairt ar an áit a bhfuil na deiseanna is fearr
- ***Ábhair Chliaint a Aimsiú:*** ag dul níos faide ná smaointeoireacht amháin, tabharfaimid tacaíocht do chliaint le go dtarlóidh rudaí i ndáiríre: nascadh lenár líonra teagmhálacha, cruinnithe a shocrú, an caidreamh idir dhaoine trína ndéantar gnó a bhrú chun cinn.
- ***Cumas a Fhorbairt:*** a chinntiú go ndéantar inniúlachtaí agus scileanna lárnacha ar feadh na heagraíochta agus an tionscail a fhorbairt agus a choinneáil, le gur féidir le fás tarlú.
- ***An Margadh a Ghníomhachtú:*** lucht gairmiúil a bhunú ar-an-talamh i níos mó margaí le go mbeidh an saineolas agus na caidrimh i seilbh againn chun cliaint a nascadh le deiseanna, agus le go bhféadfaimid cabhrú leo agus iad ag fáil acmhainní dá ngnólachtaí. Féachaimid air sin mar ghné bhunúsach dár ngnó agus mar chuid chumhachtach i rún fógartha an Rialtais maidir le lorg domhanda na hÉireann a dhúbailt faoin mbliain 2025.



# An Straitéis a Fhorbairt chun Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint

**Beidh na téamaí seo a leanas mar bhunús do gach a ndéanfaimid sa tréimhse 2019-2012, agus is ionann iad agus céim thábhachtach chun tosaigh i gcumas Bhord Bia fíor-thionchar a imirt ar rathúlacht agus ar fhás chliaint.**

**Beartú Tosaíochta -** tá fócas de dhíth chun fás optamach a aimsiú. Déanfaimid gníomhú na margaí tosaíochta a luasghéarú (féach Aguisín). Cuirfimid níos mó acmhainní agus déanfaimid níos mó infheistíochta sna margaí ina bhfuil na deiseanna is mó. Is mó dócha gur ansin a tharlóidh an rathúlacht is mó do bhia agus deoch na hÉireann.

**Saindíriú -** níl aon réiteach amháin ar gach dúshlán. Aithnímid gur sonrach miondifriúil iad riachtanais ár gcliant agus is ceart ár gcur chuige a fhorbairt i dtreo teacht ar réitigh níos saindírithe a théann i ngleic le deiseanna sonracha agus le dúshláin shonracha chliant faoi leith.

**Roghanna Deacra -** ceistímid, ó na chéad phrionsabail, an fáth a ndéanaimid an méid a ndéanaimid – ag iarraidh tuiscint a fháil ar an tslí a dtógtar gnó le tionscnaimh. Leis an mbéim seo ar (stop, tosaigh, forbair), tugtar deis na cinntí deacra a dhéanamh – aontú ar stop chomh maith le tús a chur le rudaí, agus leanúint ar aghaidh go diongbháilte.

**Comhpháirtíocht -** feidhmeoimid mar aonad amháin lenár gcliaint, rachaimid i gcomhar le chéile chun margaí agus earnálacha a thógáil. Beidh an bealach a dhéanfaimid caidreamh lenár gcustaiméirí mar bhonn eolais faoin smaointeoireacht is fearr, agus deimhneoidh nach dtabharfar faoi na rudaí céanna faoi dhó ach go gcuirfimid leis an méid atá siad in ann a dhéanamh leo féin. Tá réimse leathan saineolais teicniúil, feidhmiúcháin agus pearsanta againn chun luach a thabhairt dár gcliaint, agus chun cur leis an muinín agus leis an trédhearcacht lena n-oibrímid. Féachaimid ar an gcur chuige sraitheach CRM (Bainistiú Caidreamh Custaiméirí) seo mar bhuntáiste iomaíoch ríthábhachtach a ndéanaimid ár seacht ndícheall ina leith.

**Saineolaithe ar-an-talamh a chur ar bun -** tacóimid le gnólachtaí trí bhíthin acmhainní daonna san áit a ndéantar gnó–sa mhargadh–agus tabharfaimid an t-eolas agus na hacmhainní dóibh chun tabhairt faoi cheannaireacht agus saineolas réamhghníomhach.

**Níos mó ná miondíol:** táimid ag díriú as an nua ar fhoinsí gnó seachas an timpeallacht tomhaltóirí/miondíola, ach acmhainní níos mó a thabhairt d'fhorbairt agus d'fhás an chainéil B2B.

**Táirgí de bhunadh na hÉireann:** tá fás nua sa mhargadh baile, á thiomáint ag an dearcadh gur táirgí den scoth iad táirgí áitiúla, rud atá fíor ach go háirithe i gcás táirgí bia agus dí.

## Gníomhartha

- Bainfimid úsáid as an obair a rinneamar le déanaí i mBeartú Tosaíochta Margaidh agus díreoimid ár n-acmhainní sna margaí sin a thugann an deis is mó do gach earnáil.
- Déanfaimid idirchaidreamh dlúth leis an DAFM chun misin trádála go dtí margaí atá ag teacht chun cinn a uasmhéadú chun oiriúnú iontrála margaidh a chinntiú.
- Cuirfimid lenár láithreacht agus lenár dtiomantas in Oirthear na hEorpa, san Áise (go háirithe sa tSín, sa tSeapáin agus san Áise Thoir Theas) agus i Meiriceá Thuaidh, agus beidh láithreacht bhuan san Afraic againn den chéad uair riamh.
- Oibreoidh ár speisialtóirí margaidh i gcomhpháirtíocht le cliantchuideachtaí agus úsáidfidh siad tacaíochtaí saindírithe dá bhfás agus dá bhforbairt agus iad ag féachaint le leathnú amach.
- Faoin mbliain 2021 beidh ár n-earnáil i ndiaidh éagsúlú chuig margaí onnmhairithe nua a dhéanamh, lena dtabharfar táirgí Éireannacha chuig níos mó bord i níos mó tíortha ar fud na cruinne.

# Léargas D'Fhonn Fás a Chumhachtú
## *– léargas a úsáid chun timpeallacht chliste atá réidh le cinntí a dhéanamh a optamú*

**Is le léargas a thiomáintear fás gnó go gearrthéarmach agus a aithnítear foinsí fáis sa todhchaí go fadtéarmach. Ag Bord Bia, creidimid go dtugann léargas buntáiste iomaíoch bunúsach agus ceannaireacht sa smaointeoireacht dár gcliaint agus dár bpáirtithe leasmhara. Féachaimid ar an tréimhse seo amach romhainn 2019-2021 mar dheis chun leanúint ar aghaidh dár seirbhísí a fhorbairt agus a leathnú amach chuig na réimsí léargais, nuálaíocht atá dírithe ar an tomhaltóir agus brandáil.**

Chruthaigh Bord Bia an Teach Smaointeoireachta (in 2016) mar lárionad smaointeoireachta comhoibríche, nuálaíochta agus léargais atá inghníomhaithe ar bhealach iomaíoch (mar a moladh in Food Wise 2025). Ní ar an rud bunúsach a dhírítear leis an Teach Smaointeoireachta, dírítear ar an smaointeoireacht is fearr a chothú i measc ár bhfoirne inmheánacha agus ár gcomhoibrithe seachtracha. Féachaimid air mar chéim mhór chun tosaigh sa bhealach a n-oibrímid go comhoibríoch le cliaint chun táirgí nua agus brandaí nua a thógáil agus a chur sa mhargadh. I rith ré an Ráitis Straitéise seo, beartaímid an Teach Smaointeoireachta a leathadh amach mar bhealach le bheith ag obair, agus tús curtha againn le fo-Theach Smaointeoireachta i Londain in 2018. An uaillmhian atá againn maidir leis, a lorg a fhágáil ar mhargaí tosaíochta.

Beidh léargas mar bhunchloch inár gcuid oibre le cliaint chun brandaí láidre a chruthú agus a thógáil chun rath tráchtála a bhaint amach. Ar an tslí chéanna, is é léargas an bunús le nuálaíocht a dhíríonn ar an tomhaltóir, rud arb ionann é agus an modh fáis is bunúsaí go fadtéarmach.

Beidh cumhacht an léargais le brath ar feadh na heagraíochta, ag cur lenár gcumas cinntí níos fearr a dhéanamh dár bpáirtithe leasmhara agus in éineacht leo. Cuirfimid léargas agus smaointeoireacht ghrinn chun cinn mar ardán straitéiseach bhunúsach don eagraíocht, trína dtógfar luach agus fás dár bpáirtithe leasmhara. Beidh sé ina mhodh freisin le forbairt tionscail leanúnach a dhéanamh agus tiomantas á thabhairt againn infheistíocht a dhéanamh sa Chlár Insight & Innovation Talent i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad (MSc i Nuálaíocht sa Dearadh). Tugtar aghaidh sa chlár sin ar bhearna reatha i scileanna i nuálaíocht tomhaltóir-lárnach agus tá mar aidhm leis daoine gairmiúla a sholáthar don tionscal a mbeidh ar a gcumas taighde a aistriú isteach ina réiteach don mhargadh agus torthaí tráchtála a uasmhéadú.

### Téamaí:

1. ***Is ceart do léargas a bheith le brath ar feadh na heagraíochta go léir:*** is mian linn iompar faoi threoir léargais a chur chun cinn agus tacú leo agus ár saineolas, eolas agus léargas den scoth a scaipeadh ar mhaithe le cinnteoireacht níos fearr.
2. ***Forbairt tallainne:*** infheistíocht leanúnach chun grúpa daoine tallainne a fhorbairt agus a ullmhú le haghaidh ceannaireacht sa nuálaíocht agus i dtaithí úsáideoirí.
3. ***Téann léargas níos faide ná an tomhaltóir:*** déanfaimid luasghéarú ar na hacmhainní a chuirimid taobh thiar de léargais a sholáthar ar bhealach níos fairsinge–do tháirgeoirí/feirmeoirí, do mhargaí, do chainéil, d'earnálacha agus do léargas cultúir. Beidh saineolas i ngach ceann de na réimsí sin i gcomhar le comhoibriú le páirtithe leasmhara mar fhoinse difreála iomaíche agus brúfaidh fás gnó chun cinn.
4. ***Pleanáil Straitéiseach:*** beidh an phleanáil seo ina cloch choirnéil don tslí a n-oibrímid le páirtithe leasmhara, ag neadú léargais chun fás a bhrú chun cinn.
5. ***Buanna gearrthéarmacha, cinntí straitéiseacha fadtéarmacha:*** bainfimid úsáid as léargas, ní hamháin chun buanna gnó an lae inniu agus amárach a chumhachtú, ach le haghaidh na príomhchinntí straitéiseacha (margaí, cainéil, riachtanais tomhaltóirí etc.) a bhíonn mar bhonn eolais do shláinte fhadtéarmach ghnólachtaí ár gcliant.
6. ***Cur chuige saindírithe:*** creidimid gur amhlaidh a thugaimid an méid is mó luacha nuair a sholáthraímid ár réitigh agus ár gceannaireacht smaointeoireachta ar an mbealach is inghníomhaithe. Chuige sin, déanfaimid luasghéarú ar an soláthar taighde saindírithe a thacaíonn le cuideachtaí ar bhonn aonair.
7. ***Bua ar leibhéal an mhargaidh:*** de bharr gur sa mhargadh a ghintear gnó, cuirfimid béim úrnua ar léargas a sholáthar ar leibhéal an mhargaidh aonair, ach a chinntiú go bhfuil tuiscint níos mó againn ar thírdhreach, miondifríochtaí agus deiseanna gach margaidh, a fhéadfaidh a bheith ina chúis fáis.

### Gníomhartha:

- Soláthróimid clár oiliúna inmheánach ar léargas chun cur le hiompar faoi threoir léargais ar feadh na heagraíochta, le go mbeimid inár n-eagraíocht atá go hiomlán faoi threoir ag léargas a thugann fíor-luach dár gcliantchuideachtaí.
- Leanfaimid orainn ag tacú le forbairt tionscail trí bhíthin clár tallainne, agus trí bhíthin chohórt daoine agus gnólachtaí a chruthú a bheidh oilte chun léargas agus nuálaíocht den scoth a dhíreofar ar an tomhaltóir a chur chun cinn sa tionscal.
- Leathnóimid lorg an Tí Smaointeoireachta inár margaí tosaíochta, ag tosú sa tSín, chun cur níos mó le heolas páirtithe leasmhara agus le léargas a úsáid ar mhaithe le buntáiste iomaíoch.
- Cuirfimid leis an infheistíocht i bhfaisnéis margaidh agus i léargas tomhaltóirí sna margaí tosaíochta do na hearnálacha mairteola, déiríochta, bia mara agus alcóil.
- Soláthróimid cláir nuálaíochta tomhaltóir-lárnacha do chliantchuideachtaí a thacóidh le forbairt ar tháirgí nua agus le rochtain ar chainéil agus margaí, rud a thabharfaidh deis dóibh caidrimh níos doimhne a chothú le príomh-chustaiméirí agus le páirtithe leasmhara ar mhaithe le fás.
- Cuirfimid lenár n-acmhainní chun tacú le cliantchuideachtaí maidir lena gcatagóir ar leithligh agus lena léargas ar chainéil, agus cuirfimid cur chuige comhpháirtíochta chun cinn, agus léargas á úsáid chun rath tráchtála a fhás.
- Leanfaimid orainn ag tacú le húinéirí brandaí chun a mbrandaí a fhás sna margaí baile agus idirnáisiúnta, agus tabharfaimid rochtain dóibh ar an gcuid is fearr den dearadh, den phacáistiú agus de na huirlisí gníomhachtaithe branda.



# Cáil Maidir le Fás a Thógáil – *difreáil fheidhmiúil agus mhothúchánach ar bhranda bia na hÉireann chun freastal ar thionscal atá ag fás agus ar ghnó cliant*

**Príomh-uirlis chun buntáiste iomaíoch agus fás seasta a thiomáint dár gcliaint agus chun leasa ár bpáirtithe leasmhara, feirmeoirí ach go háirithe, é cáil a threisiú. Go hachomair, roghnaíonn daoine bia agus deochanna na hÉireann, nuair atá meas acu ar an gcáilíocht a bhaineann linn agus nuair a bhraitheann siad nasc mothúchánach lenár scéal bunáitíochta. Faightear buntáiste as infheistíocht i bhfás cáile go gearrthéarmach i bhfoirm gnó méadaithe agus go fadtéarmach i bhfoirm láidreachta agus athléimneachta, d'ainneoin fórsaí iomaíocha.**

Creidimid gurb í an cháil an modh príomha lenar féidir ár bhFís do Bhord Bia 2015 a thabhairt i gcrích go hiomlán agus le go mbeidh sí ábhartha do dhaoine ar fud an domhain – agus is sin, faoi seach, a thiomáineann gnó ár gcliant. Tugaimid go fonnmhar faoin ról atá ag forbairt cáile chun fás bia agus deoch a neartú sa mhargadh baile. Is minic gurb é fás láidir sa bhaile an cúinse a chuireann ar chumas ár gcliant tabhairt faoi onnmhairiú, mar go mbraitheann siad daingean ina ngnó sa bhaile.

Ag tús na tréimhse seo lena mbaineann an Ráiteas Straitéise, tá cúrsaí sách trína chéile sa chultúr, rud a chruthaíonn idir dheiseanna agus dúshláin. Tá laghdú géar tagtha ar mhuinín an tomhaltóra as soláthraithe bia, agus tá béim á cur ar thrédhearcacht dá réir; tá glúin nua tomhaltóirí bia ag teacht chun cinn dá bhfuil an inbhuanaitheacht riachtanach. Trí bhíthin na meán sóisialta agus fórsaí teicneolaíochta eile, tá tomhaltóirí ag feidhmiú cumhachta agus tá siad páirteach sa chomhrá níos mó ná riamh. An toradh air sin, spás daonlathach ina dtiocfaidh an fhírinne chun solais. Tá údar maith againn a bheith muiníneach i gcónaí as cumhacht na hÉireann mar fhreagairt láidir ar athruithe den sórt sin, agus de bharr luas an athraithe, tá béim athnuaite á cur againn ar roinnt téamaí lárnacha agus sinn ag tosú amach sa tréimhse 2019-2021.

## Téamaí:

1. ***Feasacht Chultúrtha:*** aithnímid go gcaitheann tomhaltóirí agus custaiméirí le bia agus deoch as Éirinn ar bhealaí difriúla ag brath ar a gcultúr, agus cuirfimid ár dteachtaireacht in oiriúint le go rachaidh sí i bhfeidhm orthu i ndáiríre chun fás luasghéaraithe ar cháil agus, dá réir sin, ar ghnó, a sholáthar.
2. ***Dul i bhFód go Mothúchánach:*** ní i gcáilíocht iontach ár dtáirgí amháin atá an luach dáiríre sa mhéid atá á thairiscint againn, ach sa teachtaireacht mhothúchánach atá mar bhonn aige. Cé gur féidir sin a bhaint amach ar leibhéal branda, aithnímid ról ríthábhachtach ár gcuid forbartha branda ó thaobh Éire mar bhranda, maidir le tús a chur le rathúlacht do chliaint aonair.
3. ***Origin Green mar phríomh-dhifreálaí i margadh atá ag éirí níos plúchta:*** De réir mar a éiríonn tomhaltóirí níos sofaisticiúla ina roghanna bia, an cúram atá orainn réasúnaíocht nó cúiseanna fíora agus difreáilte a thabhairt le gur cheart bia agus deoch na hÉireann a roghnú. Is é Origin Green an comhartha difreáilte sin lenar féidir táirgí ár bhfeirmeoirí agus ár dtáirgeoirí a fheiceáil agus meas mór orthu a léiriú.
4. ***Beartú Tosaíochta:*** creidimid go láidir gurb é an bealach is fearr le buntáiste iomaíoch bunaithe ar cháil a sholáthar nuair a phléimid le margaí agus le réigiúin agus machnamh déanta againn ar thosaíocht. Ach na 'cathanna nach mór a bhuachan' a shainaithint ar an gcaoi sin, úsáidimid ár n-acmhainní ar an tslí is éifeachtaí is féidir.
5. ***Branda mionchoigeartaithe:*** ag croílár ár bplean chun cáil a fhorbairt tá ár dtiomantas tuiscint dhomhan a fháil ar áit a bhaint amach do Bhranda Bia Éireann, é sin a chur in iúl agus ansin é a scaipeadh. Is trí leas a bhaint as léargas cumhachtach a bhainfear sin amach agus socrófar é ar bhealach gur féidir é a chur in oiriúint ar bhonn cultúir/réigiúin/margaidh, de réir mar a mheasfar a bheith cuí.
6. ***Tomhas oibiachtúil:*** táimid tiomanta modh éifeachtach agus léirsteanach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ár ngníomhaíochtaí a thomhas, agus ar an gcaoi sin deis a thabhairt dúinn féin coigeartú a dhéanamh trí bhíthin an phróisis phleanála faoi threoir ag léargas.

## Gníomhartha:

- Beidh Origin Green ríthábhachtach inár gcumarsáid le lucht B2B i margaí onnmhairithe agus beidh teachtaireachtaí sonracha againn do thomhaltóirí i margaí sainroghnaithe. Feidhmíonn sé mar an sainchomhartha, an teachtaireacht beagnach uilíoch maidir le bia agus deoch na hÉireann, a dhéanann nasc ar leibhéal an tomhaltóra agus an chustaiméara, agus a chuireann luach agus difreáil lenár dtáirge, agus an tuiscint, b'fhéidir, gur táirge den scoth é.
- Cinnteoimid go mbeidh lárionad barr feabhais margaíochta againn i mBord Bia agus san éiceachóras bia agus dí na hÉireann a oibreoidh le chéile go comhleanúnach chun luach na cáile a bhrú chun cinn.
- Trí bhíthin ár gCumarsáid Margaíochta faoin gCreat Branda Bia Éireann, déanfar roghnú bia agus deoch na hÉireann a bhrú chun cinn sna margaí tosaíochta i measc custaiméirí trádála agus tomhaltóirí ar bhealach a sholáthraíonn fás inbhuanaithe agus luach don tionscal.
- Déanfaimid an roghnú sin a bhrú chun cinn trí bhíthin bhuntáiste iomaíoch bunaithe ar cháil a chruthú, bunaithe ar an gcruthúnas/ar an bhfianaise agus ar na buntáistí a leanann as táirgeacht bia inbhuanaithe.
- Díreofar an bhéim, nuair is cuí, ar na buntáistí sin agus ar theachtaireachtaí a shainoiriúint le haghaidh luchtanna trádála agus tomhaltóra éagsúla, de réir mar is gá, i margaí (agus in earnálacha) tosaíochta agus i réigiúin éagsúla.
- Sa mhargadh baile, leanfaimid ar aghaidh de roghnú bia a bhfuil an Marc Cáilíochta aige a bhrú chun cinn. Beidh inbhuanaitheacht mar chuid den Mharc Cáilíochta agus sinn ag bogadh go dtí marc breisithe, an Marc Cáilíochta+.
- Cúis spreagtha dúinn an poitéinseal a fheicimid maidir le lorg agus cumhacht Bloom (an t-imeacht bliantúil Gairneoireachta, Bia agus Dí na hÉireann) a leathnú amach ina sheóthaispeántas eispéireasach ar a bhfuil i gceist le Branda Bia Éireann. Samhlaímid gur féidir Bloom a fhorbairt le bheith ina imeacht tomhaltóra, seirbhíse bia agus custaiméara ag aon am amháin (ag teacht le dea-chleachtas domhanda). Go hachomair, is branda cumhachtach é Bloom, a cruthaíodh le díograis agus cúram ollmhór agus is mian linn an tionchar atá aige a fhás ach seóthaispeántas a dhéanamh de –léiriú eispéireasach ar a bhfuil i gceist againn le Branda Bia Éireann.
- Déanfaimid cláir agus straitéisí trí bliana i leith na margaíochta agus na cumarsáide a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas, i margaí tosaíochta agus le haghaidh réigiún, margaí, earnálacha agus cliant faoi leith de réir mar is gá, faoin gCreat Branda Bia Éireann.

# Cáil Maidir le Fás a Thógáil – Origin Green
## *– ár bpríomh-shócmhainn maidir le difreáil iomaíoch*

**Is príomhchuid straitéiseach den cháil atá orainn a fhorbairt é Origin Green. Is tionscnamh ar chaighdeán domhanda de chuid Bhord Bia é Origin Green, a chruthaigh Bord Bia i gcomhar le tionscal bia na hÉireann agus beagnach 80,000 feirmeoir. Is é clár inbhuanaitheachta bia agus dí na hÉireann é Origin Green, a seoladh in 2012, agus lena mbailítear lucht an tionscail bhia sa tír le chéile agus comhsprioc acu; táirgeacht bia inbhuanaithe. Trí bhíthin Origin Green, cabhraítear le bia agus deoch na hÉireann a dhifreáil agus a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí agus do chomhpháirtithe trádála an domhain. Cuirtear ar chumas thionscal bia agus dí na hÉireann spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste a leagan amach agus a bhaint amach, spriocanna a léiríonn meas ar an gcomhshaol agus a fhreastalaíonn ar phobail áitiúla ar bhealach níos éifeachtaí. Is cuid lárnach den Straitéis Food Wise 2025 é Origin Green, lena ndírítear ar ardú 85% ar onnmhairí go dtí €19 billiún, chomh maith le hardú 60% ar tháirgeacht phríomhúil go dtí €10 billiún. Ag croílár Origin Green tá ár gcreideamh go mbaineann fíor-luach do thomhaltóirí le bia agus deoch a fhástar agus a tháirgtear go freagrach agus gur gníomh é sin a léiríonn ceannaireacht fhreagrach don phláinéad. Faighimid tacaíocht ó Theagasc agus ón DAFM maidir le hardán Origin Green a threisiú.**

### Téamaí:

1. ***Tomhas oibiachtúil agus tréan:*** croí-dhifreálaí i gcónaí maidir le Origin Green é a thiomantas do thomhas agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar spriocanna inbhuanaitheachta. Agus dul chun cinn déanta le cúig bliana anuas, tá sé in am anois do chéim nua; céim a chuirfidh leis an rath a baineadh amach sna chéad chúig bliana agus a dhéanfaidh cáil bhia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun cinn arís. Táimid tiomanta do dhianchaighdeáin a bheidh ag ardú go leanúnach lena chinntiú gur fíor-dhifreálaí i margaí domhanda a bheidh in Origin Green i gcónaí.

2. ***Fás an ardáin inbhuanaitheachta a bhrú chun cinn:*** Le Origin Green, cruthófar deiseanna nua bunaithe ar dhea-chleachtas ó thaobh cháilíochtaí inbhuanaitheachta, ach cruthúnas ar iarrachtaí leanúnacha ár gcomhaltaí a úsáid. Beidh pointí cruthúnais Origin Green ag croílár ár bhfeachtais maidir le cáil – tabharfaidh ár mbonneagar deis dúinn eolas agus teicneolaíocht maidir le hinbhuanaitheachta aistriú chuig ár gcomhaltaí agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid iarrachtaí agus ar thorthaí na n-iarrachtaí sin.

3. ***An teachtaireacht a shainoiriúnú chun riachtanais an mhargaidh a mheaitseáil:*** Déanfar an tslí a gcuirfimid beocht sna cáilíochtaí a shainoiriúnú do mhargaí éagsúla bunaithe ar a leibhéal caidrimh leis an inbhuanaitheacht agus ar leibhéil chaidrimh a gcuid tomhaltóirí.





### Gníomhartha:

- Cruthóimid caidreamh níos doimhne le comhaltaí Origin Green: is eol dúinn go mbraitheann rath Origin Green ar an gcumas atá againn bonn tacaíochta don chlár a chruthú ón iliomad páirtithe leasmhara atá aige (feirmeoirí, déantúsóirí, saoránaigh). Díreoimid ar na buntáistí inbhraite agus dobhraite a bhaineann leis a léiriú trí bhíthin a thionchar a chur in iúl go díreach dá gcomhaltaí, agus saoránaigh a spreagadh a bheith ar an eolas faoin gclár agus bródúil as, trí bhíthin cheannairí gnó a chur ar an eolas faoi na buntáistí tráchtála inbhraite a bhaineann leis an gclár agus trí bhíthin fheabhas a chur ar chomhoibriú maidir le hinbhuanaitheacht le heagraíochtaí tadhlacha amhail Teagasc, Bord Iascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann agus IBEC.
- Déanfaimid feabhsúcháin inbhuanaitheachta i bhfeidhmíocht chun cinn: is eol dúinn go dtagann beocht iomlán in Origin Green nuair a sholáthraíonn sé feabhas agus torthaí atá fíor agus intomhaiste. Tá sé i gceist againn tógáil go leanúnach ar chumas an chláir torthaí infhíoraithe a sholáthar trí bhíthin chalabrú agus binsemharcáil a dhéanamh, agus trí bhíthin méadú a chur ar an mbaint atá ag an gclár le réimsí fócais an AE, amhail uisce, dramhaíl agus níotráití. Beidh modh cuimsitheach againn chun an rannchuidiú seo a thomhas ar leibhéal comhiomláin –go háirithe an tionchar sóisialta atá aige.
- Déanfaimid comhoibriú le sár-cheannairí inbhuanaitheachta: Cruthóimid suíomh dúinn féin mar cheannaire uathúil na hinbhuanaitheachta trí bhíthin clár piar-bhreithiúnaithe a fhorbairt, déanfar margaí domhanda a éascú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus trí bhíthin teacht go hiomlán le spriocanna fógartha an DAFM. Tá an méid sin ríthábhachtach ó thaobh todhchaí fhadtéarmach Origin Green mar an bpríomh-dhifreálaí do bhia agus deoch na hÉireann.
- Oibreoimid i dtreo luach agus rochtain ar an margadh a mhéadú do chomhaltaí Origin Green: bainfimid úsáid as léargas earnála agus trádála chun cabhrú linn an t-údar is láidre is féidir a thabhairt leis an bhfáth a chabhraíonn Origin Green lenár gcomhpháirtithe B2B a ngnó a fhás. Tá aitheanta againn cheana féin go ndéanann an méid a chuireann sé leis an díospóireacht faoi bhia agus leas ainmhithe difear, agus leanfaimid orainn de na teachtaireachtaí trádála a shaincheapadh chun an dearcadh is fearr ar Origin Green mar fhoinse luacha a sholáthar. Measaimid gur ar leibhéal an mhargaidh aonair an bealach is fearr leis sin a chur in iúl, agus go mbeidh sé faoi réir ag athrú dinimiciúil de réir mar a thagann éabhlóid ar thuiscint ár gcuid margaí ar chúrsaí inbhuanaitheachta. Tabharfaimid sainmhíniú ar mhairteoil féarfothaithe na hÉireann agus ar dhéiríocht agus forbróimid bonneagar chun bunús a thabhairt le lipéadú ‘féarfothaithe in Éirinn’ lena chinntiú gur féidir an buntáiste mór atá againn sa réimse seo a léiriú go dian.

# Ceannaireacht Trí Bhíthin Daoine *– Cultúr agus scileanna fiontraíochta a chothú*

**Is daoine a dhéanann an difríocht. Is eol dúinn gur ar scileanna dúchasacha, spreagadh agus rannpháirtíocht ár ndaoine éirimiúla a bhraitheann rath an tionscail bhia, dí agus gairneoireachta, agus ar thacú leo bheith chomh gairmiúil agus is féidir. Táimid tiomanta dár bhfoirne féin ar dtús agus táimid ag déanamh athrú ollmhór maidir leis an tslí is fearr le leas a bhaint as ár dtallann aonair agus choiteann d'fhonn fás a sholáthar dár gcliaint. Baineann sé le níos mó ná ár gcomhghleacaithe féin ach le saineolas seachtrach a chothú, a fheistiú agus a chumasú: daoine gairmiúla a ghlacfaidh poist i gcuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann agus a chabhróidh leis na hardchaighdeáin ó thaobh margaíocht a dhéanamh ar tháirgí na hÉireann ar fud an domhain a ardú tuilleadh.**

Tháinig ceithre théama chun cinn atá mar fhaisnéis le smaointeoireacht úrnua i gcur chuige Bhord Bia ar Cheannaireacht trí bhíthin Daoine:

1. ***Cultúr fiontraíochta a chothú:***
Creidimid gurb é daoine a spreagadh le pátrúin a bhriseadh, smaoineamh ar bhealach nua agus breithiúnas eolasach a dhéanamh, as a leanfaidh 'buanna móra', an tslí is fearr le hathrú ollmhór ar an luach a chruthaímid don tionscal agus do chliaint a bhaint amach. Ní le treoracha a bhaintear fiontraíocht amach, ach trí bhíthin chultúr dúshlánach agus cumhachtaithe a chruthú i saol oibre laethúil na ndaoine. Gné lárnach maidir leis sin ár dtiomantas do phleanáil faoi threoir ag léargas, bealach le bheith ag obair a spreagann caidreamh idir dhaoine, samhlaíocht léirsteanach agus meon cruthaitheach, agus ar an dara dul síos, ár dtiomantas leanúnach do bheith ag obair le fiontraithe agus gnólachtaí bia nuathionscanta.


2. ***Tús a chur le fás sa todhchaí:***
Méadóimid an tacaíocht a thugaimid do chláir saineolais seachtraigh (Comhaltacht Margaíochta, Iarchéimí Domhanda, Léargas & Nuálaíocht, Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair, Ambasadóir Origin Green) agus d'infheistíocht a théann i ngleic le bearnaí scileanna aitheanta agus a ullmhaíonn ár dtionscal le bheith dírithe ar an todhchaí agus réidh do dhúshláin de réir mar a thagann siad chun cinn.

3. ***Cumhachtaithe leis an leagan is fearr duit féin a bhaint amach:***
Creidimid i ndaoine agus táimid diongbháilte an creideamh sin a fhíorú sa tslí a dtugaimid tacaíocht dár ndaoine go hinmheánach, chun deis a thabhairt dá gcuid tallainne teacht chun cinn. Táimid tiomanta do gach foireann san eagraíocht a spreagadh na scileanna agus na buanna is oiriúnaí dá gcuid daoine a ghabháil agus a fhorbairt.

4. ***Meas a bheith ar dhifríochtaí:***
Meas a bheith ar dhifríochtaí: Oibrímid i ndomhan casta de bhia agus deoch, arna shainmhíniú ag éagsúlacht iontach earnála, tomhaltóra, custaiméara agus cultúrtha. Is mian linn smaointeoireacht sholúbtha a spreagadh ar gach leibhéal den ghnó, le go bhféadfaidh ár réitigh cumhacht a thabhairt dár gcliaint i ndáiríre. Gné lárnach de sin ár bhfócas ar mheas a léiriú ar dhifríochtaí i measc ár ndaoine féin: éagsúlacht ó thaobh a scéalta pearsanta sular tháinig siad isteach i mBord Bia, éagsúlacht sa tslí a fhéachann siad ar an domhan agus ar na dúshláin romhainn, éagsúlacht ina gcuid léirsteanachta, éagsúlacht ina gcuid scileanna. Ar an tslí sin, creidimid gurb é an comhoibriú agus an dúshlán dearfach arna chruthú ag ár gcuid daoine bheith ag obair le chéile a thugann an méid is mó do chliaint.

## Gníomhartha:

- Táimid tiomanta ár n-acmhainní forbartha inniúlachta a mhéadú ar fud Bhord Bia, agus a chinntiú go bhfuilimid ard-oilte i ngach ceann dár réimsí speisialaithe le go bhféadfaimid oibriú go réamhghníomhach le cliaint agus le páirtithe leasmhara chun a ngnó a fhás agus chun difear a dhéanamh.
- Agus sinn ag déanamh gach iarracht bheith inár n-eagraíocht faoi threoir ag léargas, ceann a thugann luach do pháirtithe leasmhara trí bhíthin bhreithiúnais eolasacha agus machnamhacha bunaithe ar bhunús a thabhairt, leanfaimid ar aghaidh ag infheistiú in inniúlachtaí agus acmhainní sa réimse seo. Treiseoimid an chaoi a n-oibrímid trína chinntiú go mbeidh cultúr na heagraíochta fiontraíoch, éistfimid le gach guth agus beidh comhoibriú ag croílár gach a ndéanfaimid.
- Treiseoimid agus leathnóimid ár gCláir Thallainne lena chinntiú go leanfaidh siad orthu ag freastal ar riachtanais athraitheacha na gcliantchuideachtaí; cinnteoimid go mbeidh deiseanna eolais ann agus beidh roinnt scileanna inrochtana do chách.
- Agus Origin Green ag tosú amach ar chéim nua táimid tiomanta a chinntiú go dtiocfaidh forás freisin ar ár gClár Ambasadóirí; beidh sé ar thús cadhnaíochta i gcónaí, agus forbrófar speisialtóirí leis i ndisciplín na hinbhuanaitheachta a bheidh in ann cur leis an eolas agus é a roinnt ar feadh an Tionscail.
- Leanfaimid le tacaíocht agus acmhainní a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus d'fhiontraithe, déanfaimid tuilleadh foráis ar chláir (Food Works, Food Academy, Food Starter) chun an tacaíocht saincheaptha is éifeachtaí a thabhairt dóibh agus chun an chéad ghlúin eile rathúlachta a shainaithint. Mar chuid de sin, cuirfimid lenár gcomhoibriú le gníomhaireachtaí Stáit (Teagasc, Fiontraíocht Éireann, agus OFAnna) chun cur chuige comhtháite a chur i láthair lena ndéanfar torthaí a uasmhéadú.



# Achoimrí ar Straitéisí Earnála



# Earnáil na Feola & an Bheostoic



**Tá tionscal feola agus beostoic na hÉireann ar cheann de na hearnálacha táirgeachta príomhúla is tábhachtaí in Éirinn. Ba í ba chúis le honnmhairí dar luach €3.98bn in 2018.**

**Tá níos mó ná 100,000 feirm in Éirinn gafa le táirgeacht bheostoic, agus iad scaipthe ar fud na tíre. Chomh maith le ról lárnach a bheith acu i ngeilleagar thuath na hÉireann, tugtar tacaíocht d'fhostaíocht mhór lena ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear próiseáil feola, conraitheoirí talmhaíochta, ceannaithe bia agus margaí beostoic.**

## Mairteoil

Le bonn soláthair de thuairim is 1.0 milliún bó dhiúil mairteola agus 1.5 milliún bó déiríochta (AIM, Iúil 2018), táirgtear os cionn 600,000 tonna mairteola san earnáil gach bliain agus déantar beagnach 90% a onnmhairiú. Mar thoradh air sin, is í Éire an t-onnmhaireoir mairteola is mó sa leathsféar thuaidh agus an cúigiú ceann is mó ar domhan. In 2017, ba iad an Ríocht Aontaithe agus Mór-roinn na hEorpa a fuair 97% d'onnmhairí mairteola na hÉireann. 556,000 tonna d'onnmhairí, arbh fhiú €2.5 bn. a luach, a bhí ann. Déantar mairteoil na hÉireann a sholáthar do bhreis agus 100 sraith ollmhargaí agus custaiméir seirbhíse bia den scoth san AE.

## Caoireoil

Tá 2.6 milliún ceann i dtréad póraithe caorach náisiúnta na hÉireann, líon a bhfuil ardú seasta ag teacht air le blianta beaga anuas. Fiontair ísealchríche atá in 80% den líon caorach, agus is ar fheirmeacha sléibhe atá an chuid eile. I rith 2018, onnmhairí ba chúis le beagnach 70% de tháirgeacht caoireola na hÉireann. B'ionann sin agus 55,800 tonna, agus luach tuairim is €315 milliún a bhí orthu. Is iad an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc na príomh-mhargaí do chaoireoil na hÉireann i gcónaí agus is chucu a rinneadh 50% de na honnmhairí* in 2018. Mar sin féin, tá an earnáil ag leathnú amach chuig margaí fáis amhail an Ghearmáin, an Iodáil, an tSualainn, an Danmhairg, an Bheilg agus an Eilvéis le blianta beaga anuas.

## Muiceoil

Tá tuairim is 1.5 milliún muc ar 300 feirm in Éirinn agus is gníomhaíocht thar a bheith speisialaithe é iad a tháirgeadh. 3.3 milliún ceann a bhí sa soláthar muc ag monarchana onnmhairithe i rith 2017. 306,000 tonna a bhí sa ghlan-táirgeadh agus bhí ráta neamhthuilleamaíochta tuairim is 190% ann. An Ríocht Aontaithe an príomh-mhargadh do mhuiceoil na hÉireann i gcónaí agus ghlac siad le 56% den líon iomlán onnmhairí muiceola. Chuaigh 21% d'onnmhairí go dtí margaí ar Mhór-Roinn na hEorpa agus chuaigh an 23% eile go dtí margaí idirnáisiúnta.

## Éineoil

Mar is amhlaidh maidir le táirgeacht muiceola, tá feirmeoireacht éineola na hÉireann an-chomhtháite agus braitheann sí ar bhia a úsáid go héifeachtach. In 2018 , próiseáladh 100 milliún éan in Éirinn, líon nach bhfacthas riamh cheana, mar thoradh ar fhás láidir sa bhaile agus san onnmhairiú.

## Beostoc

Is malairt rogha luachmhar aschuir do na catagóirí éagsúla stoc é onnmhairí beo. 238,000 ceann a bhí sa líon iomlán eallach beo a onnmhairíodh in 2018. Áirítear ar phríomh-mhargaí an Eoraip an Spáinn, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus an Bheilg. Is iad an Tuirc agus an Libia na príomh-mhargaí idirnáisiúnta.

## Téamaí:

- ***An Breatimeacht:*** Is é an Breatimeacht an príomh-dhúshlán i gcónaí atá roimh an margadh is gaire agus is tábhachtaí dúinn, an Ríocht Aontaithe, ina ndéantar margaíocht ar líon suntasach dár gcuid feola. Bíonn gluaiseachtaí suntasacha beostoic thar an teorainn freisin. Nuair a thabharfar chun críche iad, beidh tionchar ag socruithe trádála ar na margaí ina ndíolaimid.
- ***Íomhá:*** Tá an íomhá ar fheoil, ó dhearcadh na sláinte agus an chomhshaoil, ina dúshlán méadaitheach don tionscal. Ní mór cosaint a thabhairt ina aghaidh sin agus dul i ngleic leis trí bhíthin ardán cumarsáide éifeachtach bunaithe ar an eolaíocht.
- ***Dúshlán:*** Tréimhse dhúshlánach í seo don earnáil feirmeoireachta, agus í faoi bhrú ag iomaíocht domhanda níos mó, riachtanais rialála a bhíonn ag méadú agus éileamh atá ag fás ar sholúbthacht sa táirgeadh. Ar an taobh eile, tá deiseanna suntasacha ag baint le méadú agus fás i margaí domhanda nua sa Deisceart agus san Oirthear.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

- Borradh a chur faoi na hacmhainní a úsáidimid chun léargais a sholáthar ar bhealach níos fairsinge –don mhargadh, do thrádáil, do chainéil, d'earnálacha agus do léargas cultúir, arna gcumasú ag an teicneolaíocht. Beidh saineolas i ngach ceann de na réimsí sin, i gcomhar le comhoibriú le páirtithe leasmhara, ina fhoinse difreála iomaíche agus brúfaidh sé fás gnó chun cinn.
- Infheistiú i bhForbairt Cumais ar fud na heagraíochta agus an tionscail chun fás a chumasú, agus a chinntiú go ndíreofar go géar ar bhainistiú earnála agus cainéal den scoth, rud ar shainchomhartha do chomhpháirtithe é.
- Méadú a chur ar acmhainní agus ar sheirbhísí tiomnaithe chun caidreamh níos mó a spreagadh agus tacaíocht RTM níos gaire do chliantchuideachtaí d'fhonn an t-éileamh ar fheoil na hÉireann a bhrú chun cinn trí bhíthin thiontú gnó.
- Fás margaidh éagsúlaithe trí bhíthin léargas agus cumas maidir le margaí nua a chur ar fáil agus a bpoitéinseal a luasghéarú, agus dá bharr sin deis a thabhairt don tionscal dul i dtreo cuntais le corrlaigh níos airde.
- Maoiniú saindírithe i dtreo mhargaí tosaíochta chun fás a bhrú chun cinn, torthaí a uasmhéadú agus maolú in aghaidh fhórsaí margaidh (e.g. Breatimeacht, Mercosur)
- Pointí Cruthúnais a bhfuil bunús leo a fhorbairt d'inbhuanaitheacht, do chothú agus do leas thar phunann critéar d'fhonn cur le suíomh iomaíoch níos láidre a chruthú a bheidh in ann níos mó muiníne as feoil na hÉireann a chruthú, ag tosú amach le féarfothaithe, agus Origin Green an modh lárnach leis sin a chur in iúl.
- Suíomh agus cáil a thógáil a bheidh saindírithe agus difreáilte, ag úsáid Origin Green de réir mar is cuí, d'fheoil na hÉireann i measc chustaiméirí trádála agus tomhaltóirí le go smaoineoidh siad ar mhairteoil na hÉireann.

# Earnáil na Déiríochta



**Táirgtear raon leathan táirgí in earnáil phríomha déiríochta na hÉireann, lena n-áirítear bainne agus uachtar leachtach, go leor púdar bainne, agus im agus cáis. Sa mhargadh baile is mó a dhíoltar táirgí leachtacha /úra, áit a gceannaítear go leor comhábhar púdair freisin, go háirithe iad sin a úsáidtear i ngníomhaíochtaí áitiúla roinnt cuideachtaí móra ilnáisiúnta maidir le déantúsaíocht bainne foirmle do naíonáin. Bhí infheistíocht i gceist le leathnú agus fás mór ar fheirmeacha ó cuireadh deireadh le cuótaí bainne agus ní mór brabús a dhéanamh astu anois. Caithfidh straitéisí amach anseo aird a thabhairt ar an tuairim atá ag go leor daoine go mbaineann buntáistí agus míbhuntáistí araon le hinbhuanaitheacht don earnáil.**

**Trí tháirgí príomha atá mar bhunús le honnmhairí: im (tá suíomh láidir ag brandaí sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus i SAM), púdair bhainne shaibhrithe (púdar bainne le saill a dhíoltar san Afraic Thiar agus Láir go príomha, agus sa Mheánoirthear) agus cáis chéadair (a dhíoltar go háirithe i miondíol sa Ríocht Aontaithe ach a úsáidtear freisin i ndéantúsaíocht na cáise próiseáilte taobh amuigh den Eoraip).**

**B'fhiú onnmhairí déiríochta iomlána €4bn in 2018. Im, púdair bhainne saibhrithe agus cáis chéadair a bhí in os cionn 60% den láimhdeachas sin.**

### Téamaí:

- Le tomhaltas déiríochta ag méadú in go leor margaí i mbéal forbartha, san Áise ach go háirithe, léirítear athrú ollmhór ó thaobh iompair de, agus cruthaítear deiseanna dá bharr. Áirítear orthu seo a leanas na nithe atá taobh thiar den athrú sin:
  - Ioncam indiúscartha atá ag méadú agus teacht chun cinn meánaicme
  - Stíleanna maireachtála atá ag éabhlóidiú, rud a spreagann fairsingiú ar roghanna bia agus tomhaltóirí sásta rudaí nua a thriail
  - Timpeallacht seirbhíse bia atá ag athrú go tapa, atá ag tabhairt roghanna nua a bhfuil an-tóir orthu isteach do thomhaltóirí, agus atá ag cruthú éileamh nua déiríochta ar tháirgí mar cháis, im agus uachtar
- Fás láidir déimeagrafach ag brú éileamh déiríochta chun cinn i gcodanna den Afraic agus den Áise
- Oideachas tomhaltóirí a bheith ag méadú ar fud an domhain agus béim dá bharr ar shaincheisteanna amhail sláinte, folláine agus cothú; sábháilteacht bia agus trédhearcacht; inbhuanaitheacht. Is féidir dearcadh dearfach i leith na déiríochta a chothú, agus tá sin á dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na téamaí sin.
- Is ionann Breatimeacht agus dúshlán ollmhór don earnáil, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar dhíolacháin onnmhairí cáise céadair agus ime, agus ar an soláthar bainne idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Feidhmeoidh Breatimeacht mar chatalaíoch do thionscal na hÉireann chun éileamh nua ó thaobh onnmhairí a aimsiú i bhfeidhmeanna, deighleoga agus margaí nár baineadh leas astu cheana.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

- Sainmhíniú as an nua a thabhairt ar dhéiríocht na hÉireann ó thaobh bhonn luacha/dhifreáil iomaíoch
- Forbairt ar Straitéis Onnmhairí ach an fócas margaidh a shoiléiriú i ndáil le:
  - Saindíriú ar thomhaltóirí, go háirithe an poitéinseal chun aghaidh a thabhairt ar luach níos airde agus riachtanais tomhaltóirí ó thaobh táirgí den scoth a théann níos faide ná cothú bunúsach
  - Spriocmhargaí tábhachtacha a bhfuil fócas breise/fiosrú gníomhach de dhíth ina leith
  - Meascán táirgí amach anseo: an poitéinseal maidir le breisluach a thógáil vs. gnó tráchtearraí a fhiosrú
  - Meascán cainéal amach anseo: an poitéinseal maidir le tuilleadh gnó iartheachtach a chruthú níos gaire don tomhaltóir i seirbhís bhia agus i miondíol
- Cumarsáid Margaíochta a Fheabhsú
  - Ardán teachtaireachta a bheidh saindírithe, difreáilte agus inchosanta a thógáil timpeall ar "nádúrtha" agus "inbhuanaitheacht", ag úsáid Origin Green agus caighdeán féarfothaithe na déiríochta mar phríomh-uirlisí agus deis a thabhairt do sholúbthacht do phríomh-mhargaí
- Tacaíocht Earnála
  - An cineál tacaíochta don tionscal a mhionchoigeartú, i dtéarmaí gníomhaíochtaí earnála amhail misin trádála agus an gá le rannpháirtíocht/comhrá/ cúnamh sainoiriúnaithe feabhsaithe ar leibhéal na cuideachta.

# Earnáil na mBianna Tomhaltóra Ullmhaithe

**Tá raon leathan catagóirí in earnáil na mBianna Tomhaltóra Ullmhaithe amhail bianna atá réidh le hithe, milseogra, brioscaí, sneaiceanna, deochanna neamhalcólacha, feoil bhreisluacha agus bia mara breisluacha, bianna reoite agus earraí bácáilte.**

**€5.4bn an luach is déanaí (2017) maidir leis an margadh baile d'earnáil na mbianna tomhaltóra ullmhaithe, léiriú ar an deis mhór agus an tábhacht a bhaineann leis an margadh baile don earnáil seo. Is í an Ríocht Aontaithe an earnáil is mó do bhianna tomhaltóra ullmhaithe, a raibh luach €1.8bn leis in 2017, nó 62% d'onnmhairí na hearnála. Dar luach €1.7bn nó 66% d'onnmhairí san earnáil in 2018. Léiriú é sin ar laghdú 5% ar an luach iomlán onnmhairí chuig an margadh san RA. Beidh éagsúlú isteach i margaí agus cainéil nua, san AE go príomha, mar phríomh-fhócas i gcónaí san earnáil seo amach anseo.**



**€5.4bn an luach is déanaí (2017) maidir leis an margadh baile d'earnáil na mbianna tomhaltóra ullmhaithe, léiriú ar an deis mhór agus an tábhacht a bhaineann leis an margadh baile don earnáil seo.**

## Téamaí:

- ***Saolta gnóthacha, neamhghéilliúla:*** is iomaí catagóir san earnáil a chuireann réitigh éascaíochta ar fáil do thomhaltóirí. Beidh ar chuideachtaí bianna tomhaltóra ullmhaithe leanúint de theacht roimh an luas athraithe tapa in iompar éilimh agus ídithe na dtomhaltóirí.
- ***Sláinte & Folláine:*** an treocht seo atá taobh thiar den nuálaíocht san earnáil ach d'fhéadfadh sé dúshláin a chruthú go fadtéarmach do chineálacha táirgí ar leith.
- ***Maireachtáil fhreagrach:*** atá taobh thiar de spéis san inbhuanaitheacht agus sa chomhshaol. Deis shuntasach atá i mbéim a chur ar phacáistiú agus an tslí a bhféadfaidh an earnáil a tiomantais inbhuanaitheachta a léiriú ach Origin Green a úsáid.
- Beidh orainn leanúint de dhúshlán a chur roimh chuideachtaí dul i mbun feabhais ó thaobh na cáilíochta, táirgí den scoth agus na cruthaitheachta, agus tomhaltóirí ag éileamh ***sláinte agus folláine chomh maith le héascaíocht.***
- ***Dinimic an Mhargaidh:*** beidh tionchar an Bhreatimeachta, nach bhfuil ar eolas fós, mar chatalaíoch don athrú san earnáil. Leanfaidh comhtháthú custaiméirí ar aghaidh ag múnlú an éilimh agus déanfaidh fás earraí digiteacha an rud céanna. Beidh méid agus scála coibhneasta earnáil na déantúsaíochta i gcomparáid le hiomaitheoirí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip, ríthábhachtach freisin maidir le feidhmíocht na hearnála.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

- ***Forbairt Cumais maidir le Forbairt Straitéise & Cur i bhFeidhm sa Mhargaíocht Tráchtála:*** Díriú ar chumais thráchtála chun cur chuige straitéiseach ar fhás gnó a bhrú chun cinn agus cabhrú le cuideachtaí ina gcuir chuige margaíochta.
- ***Forbairt Cumais chun Nuálaíocht agus Difreáil Táirgí a Chumasú:*** Díriú ar phróiseas nuálaíochta faoi threoir ag léargas a chruthú, lena gcuirfear ar chumas cuideachtaí muinín a bheith acu as a NPD faoi threoir ag tomhaltóirí.
- ***Díriú ar an Margadh Baile:*** Comhthionscnaimh le custaiméirí trádála a sholáthar chun deiseanna cuimsitheacha arna dtiomáint ag catagóirí a shainaithint.
- ***Díriú ar Mhargadh na Ríochta Aontaithe:*** Is ceist mhór do mhargadh tábhachtach na Ríochta Aontaithe é an tionchar nach eol dúinn fós a bheidh ag Breatimeacht. Oibriú go dlúth le cuideachtaí chun caidrimh reatha a bhainistiú agus a threisiú agus iad á n-ullmhú don Bhreatimeacht, réitigh shlabhra soláthair san áireamh.
- ***Éagsúlú Margaidh:*** Cúnamh a thabhairt le roghnú éagsúlaithe margaidh ag cuideachtaí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun aithne chuimsitheach a chur ar mhargaí i margaí tosaíochta le béim mhór ar inniúlacht chultúir.



# Earnáil na Gairneoireachta

**€433m a bhí i luach aschuir gairneoireachta ag geata na feirme in 2017. Gairneoireacht bhia a bhí in €359m agus Gairneoireacht taitneamhachta a bhí i €74m den luach iomlán sin. Tá tuairim is 17,000 duine fostaithe go lánaimseartha sa tionscal i ngnólachtaí príomhúla agus iartheachtacha.**

Is iad muisiriúin, prátaí, glasraí páirce, torthaí cosanta, glasraí cosanta agus torthaí amuigh na príomhbharraí bia atá againn. Díoltar formhór na dtáirgí úra sa mhargadh miondíola baile, atá thar a bheith iomaíoch. B'fhiú an margadh miondíola do tháirgí úra in Éirinn agus €1.53bn in 2018. Ní dhéantar trádáil onnmhairithe shuntasach ach le muisiriúin, arbh fhiú €82m é in 2018.

Áirítear ar phríomhbharraí san earnáil gairneoireacht taitneamhachta stoic plandlainne, bláthanna cosanta/ornáideacha, crainn Nollag, duilliúr gearrtha, bláthanna agus bleibíní amuigh agus scraith féir. In Éirinn a dhíoltar formhór an aschuir agus déantar luach €17m a onnmhairiú, go dtí an Ríocht Aontaithe go príomha. Is dúshlán é iomaíocht ó allmhairí. Chomh maith le miondíol, tá gníomhaíocht shuntasach sna margaí garraíodóireachta tráchtála agus tírdhreacha, agus dearaidh gairdíní, atá ag baint leasa as an bhfeabhas ar an ngeilleagar agus as gníomhaíocht mhéadaithe sa tionscal tógála. Tá deiseanna ann leas a bhaint as na buntáistí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte a bhaineann le táirgí taitneamhachta, onnmhairí a fhorbairt agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi thréithe tháirgí taitneamhachta na hÉireann.

Tá tionchar ag corrlaigh chúnga, faoi bhrú ag margadh iomaíoch, allmhairí, costais mhéadaitheacha agus easnaimh san fháil ar shaothar, ar ár dtáirgeoirí.

Déanfaidh Bord Bia tionscnaimh faoi threoir ag léargas, a mbeidh inbhuanaitheacht mar bhunús leo, a bhrú chun cinn chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil gairneoireachta in Éirinn. Is trí bhíthin an fhócais sin a stiúrfar cur chun cinn na gairneoireachta in Éirinn, a choimeádfar agus a fhásfar margaí onnmhairithe, a threiseofar cáilíochtaí inbhuanaitheachta tháirgí na hÉireann, a neadófar nuálaíocht agus a dhéanfar deiseanna nua do tháirgí na hÉireann a aithint agus leas a bhaint astu.

## Téamaí:

### *Spéis an tomhaltóra:*

Tá deiseanna suntasacha á gcur ar fáil chun an margadh do tháirgí úra inite na hÉireann agus do phlandaí ornáideacha na hÉireann a fhás a bhuíochas don fhás luasghéaraithe ar spéis an tomhaltóra i bhfolláine mheabhrach, i mbia sláintiúil agus i ndul i ngleic le murtall.

### *Sciar an mhargaidh a ardú:*

Tá deis ann freisin soláthar don mhargadh seirbhíse bia a mhéadú, margadh a bhfuil fás 11.5% tagtha air le ceithre bliana anuas, agus sciar a ghnóthú do tháirgí inite agus ornáideacha sna cainéil miondíola ar líne atá ag teacht chun cinn.

***Comhoibriú:*** Tá deis ag tuilleadh comhoibrithe ar feadh an tionscail ar thionscnaimh éagsúla, maille le tuilleadh rannpháirtíochta ag táirgeoirí in Eagraíochtaí Táirgeachta, chun roinnt de na dúshláin atá roimh tháirgeoirí bharraí inite agus ornáideacha araon a mhaolú.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

Tuilleadh rannpháirtíochta i dtacaíocht RTM (Bealach go dtí an Margadh) do tháirgeoirí gairneoireachta a bhrú chun cinn d'fhonn borradh a chur faoin éileamh ar tháirgí gairneoireachta na hÉireann;

- Tacú le táirgeoirí trí bhíthin chláir agus seirbhísí saincheaptha chun forbairt straitéise margaíochta tráchtála, pleanáil agus forfheidhmiú a sholáthar.
- Caidreamh le príomhchustaiméirí agus lena bpríomhsholáthraithe a dhoimhniú trí bhíthin chumais RTM a fhorbairt.
- Leanúint den chaidreamh leis an tionscal, le gníomhaireachtaí stáit agus le fóram an tionscail ghairneoireachta chun comhoibriú méadaithe san earnáil a éascú agus chun comhoibriú ar chomhthionscnaimh amhail feachtais bholscaireachta chómhaoinithe.
- An Clár Barainneachta a rolladh amach san earnáil gairneoireachta chun éifeachtúlacht in oibríochtaí gnó a fhorbairt, as a leanfaidh corrlaigh níos fearr.
- Bheith rannpháirteach i bpríomhthionscnaimh tionscail a éascaíonn cruinnithe idir lucht ceannaithe agus lucht fáis agus a spreagann comhoibriú earnála, agus tacú leo.

Léargais agus sonraí a fhorbairt agus a sheachadadh ar bhealach níos fairsinge–don ghairneoireacht inite agus taitneamhachta araon, ar feadh margaí, ar shonraí trádála agus earnálacha, ach na nithe seo a leanas a dhéanamh;

- Treochtaí agus sonraí margaidh i gcainéil mhargaidh sa bhaile agus sa Ríocht Aontaithe a thomhas, a anailísiú agus a scaipeadh, le go bhféadfaidh na hearnálacha miondíola agus seirbhíse fás a chur ar ghnó agus tógáil ar an sciar den mhargadh sa bhaile.
- Úsáid a bhaint as léargais nua chun deiseanna a fhiosrú agus a fhorbairt maidir le forbairtí táirgí gairneoireachta nua, lena n-áirítear forbairt brandaí agus nuálaíocht i dtáirgí.

Suíomh difreáilte a fhorbairt do tháirgí gairneoireachta na hÉireann i measc chustaiméirí agus tomhaltóirí trádála chun táirgí úra agus plandaí na hÉireann a bheith mar rogha acu a bhrú chun cinn trí bhíthin ghníomhaíochtaí amhail;

- Feachtais bholscaireachta saincheaptha díreach chuig an tomhaltóir a fhorbairt agus a sheachadadh, i gcomhar leis an tionscal agus le tacaíocht ó mhaoiniú ón AE.
- Cláir scoile reatha a fhorbairt agus tógáil orthu chun níos mó táirgí úra a ithe a spreagadh agus chun feasacht a mhúscailt ar an tslí a bhfástar táirgí úra, a mbunús agus an tslí a gcuireann siad le haiste chothromaithe bia.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Bloom mar an seóthaispeántas náisiúnta agus mar an ardán bolscaireachta don earnáil gairneoireachta, arna éascú ag rannpháirtíocht níos mó san earnáil.

Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia faoi scáth Origin Green a fhorbairt agus a uasmhéadú. Tá sin ríthábhachtach maidir le dílseacht custaiméirí agus tomhaltóirí a sholáthar, chomh maith leis an gclaonadh táirge Dearbhaithe Cáilíochta a cheannach. Bainfear sin amach trí bhíthin na nithe seo a leanas;

- Léargais a úsáid chun cruthú ghnéithe uathúla dhíolacháin do tháirgí gairneoireachta áitiúla a fhiosrú agus bheith mar bhonn faisnéise dó.
- Leas a bhaint as an gclár Origin Green chun deiseanna margaidh a chruthú do tháirgí áitiúla mar fhianaise ar aimsiú inbhuanaithe táirgí do chomhaltaí an chláir.
- Rannpháirtíocht sa tionscal a chur chun cinn agus a fhorbairt ar feadh na gclár Dearbhaithe Cáilíochta gairneoireachta.

Acmhainneacht a fhorbairt san earnáil agus cur ar a cumas tallann agus scileanna oiriúnacha a mhealladh chun fás inbhuanaithe a chinntiú. Áireofar ar na gníomhaíochtaí chun tacú leis sin;

- Ár gcláir thallainne a neartú agus a leathnú amach chun freastal ar riachtanais na hearnála gairneoireachta agus chun caidrimh ghnó agus deiseanna gnó a fhorbairt ach tallann a chur san áit cheart.
- Cur leis an tacaíocht a thugaimid do chláir thallainne seachtracha agus leis an infheistíocht a dhéanaimid chun freastal ar riachtanais na hearnála gairneoireachta, chun aghaidh a thabhairt ar an bhearna scileanna sainaitheanta.
- Cur le scileanna margaíochta agus le hacmhainneacht sa tionscal, go háirithe sa réimse digiteach. Support the industry and other.
- Tacú leis an tionscal agus le gníomhaireachtaí stáit eile chun tomhas agus rianú rialta a dhéanamh ar fhostaíocht san earnáil, ar threochtaí agus léargais lárnacha, agus ar an tslí ar féidir tallainne a mhealladh isteach sa tionscal.

# Earnáil an Bhia Mara

**Leanadh leis an ardú ar an éileamh domhanda ar bhia mara na hÉireann in 2018 agus thuairiscigh onnmhaireoirí Éireannacha éileamh mór ar a dtáirgí sna príomh-mhargaí onnmhairithe. An dúshlán atá ann i gcónaí, cumas na hearnála freastal ar an éileamh reatha ón gcustaiméir i bhfianaise na ndeacrachtaí ó thaobh teacht ar amhábhair agus ba é sin ba chúis le laghdú tuairim is 8% ar luachanna onnmhairithe in 2018.**

Déantar 239,000 tonna de bhia mara ardchaighdeáin a tháirgeadh san earnáil. Tá mar uaillmhian ag an earnáil, mar sin féin, í féin a shuíomh mar cheannaire domhanda i dtionscal domhanda an bhia mara agus na spriocanna arna leagan amach sa straitéis Food Wise 2025 a bhaint amach. Le 7 mbliana anuas, tá feidhmíocht thionscal bia mara na hÉireann sna margaí onnmhairithe an-dearfach. Tá ardú ó thaobh luacha de tagtha ar an líon iomlán onnmhairí bia mara idir 2010-2018 ó €105m go €562m. Le linn na tréimhse sin, díríodh iarrachtaí san earnáil bia mara, go háirithe sna hearnálacha sliogéisc agus peiligí, ar ghnó a fhorbairt sna margaí bia mara atá ag teacht chun cinn san Áise. De bharr an choir chun donais i ngeilleagar an AE, go príomha, dhírigh an earnáil sliogéisc agus peiligí ach go háirithe a hiarrachtaí margaíochta ar shainmhargaí do tháirgí den scoth a aithint san Áise, agus dhírigh ar na tomhaltóirí sin a bhí sásta praghas ard a íoc as bia mara ardluacha, allmhairithe, ó fhoinsí inbhuanaithe. Is amhlaidh sin go háirithe maidir le speicis amhail oisrí agus portán dearg na hÉireann.

Tháinig fás 75% ar onnmhairí bia mara chun na Síne, agus meastar gur onnmhairí chun na hÁise anois is cúis le 14% den luach onnmhairithe in 2018. Is iad na príomh-mhargaí san AE, eadhon an Fhrainc, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus an Ghearmáin, atá fós ar na cinn is tábhachtaí d'onnmhairí bia mara, agus b'ionann iad agus thart ar 60% den luach iomlán onnmhairithe.

### Téamaí:

- Tá earnáil bhia mara na hÉireann i suíomh maith chun leas a bhaint as goile síormhéadaitheach an domhain do bhia mara. Táthar ag ithe níos mó éisc in aghaidh an duine anois ná riamh cheana –thart ar 20 kg in aghaidh na bliana – agus táthar ag súil go dtiocfaidh ardú 50% air sin faoin mbliain 2030.
- Tiocfaidh fás leanúnach ar an éileamh ón Áise áit a bhfuil bia mara mar rogha ag daoine mar ghné chultúrtha.
- Cuir sin leis an treocht a bhfuil fás ag teacht uirthi maidir le sláinte agus folláine, agus tá deiseanna suntasacha ann don bhia mara.
- Tá poitéinseal do níos mó deiseanna breisluacha sna margaí seanbhunaithe san Eoraip ach leas a bhaint as Origin Green agus as acmhainneachtaí tionscail.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

- Onnmhairí a fhorbairt i margaí fáis atá ag teacht chun cinn
  - Leanfaidh Bord Bia, trí bhíthin a líonra oifigí idirnáisiúnta, de chabhrú le hearnáil bia mara na hÉireann chun díolacháin a fhorbairt i roinnt margaí bia mara atá ag teacht chun cinn. Thrí bhíthin dian-thaighde trádála i bpríomh-mhargaí tosaíochta, próifíliú custaiméirí, imeachtaí teagmhála do cheannaithe agus soláthraithe, promóisin bhia mara ar líne, imeachtaí a ardaíonn feasacht trádála agus acmhainní saintiomnaithe 'ar an talamh' don bhia mara i bpríomh-mhargaí san Áise, tá obair mhór déanta ag Bord Bia maidir le cabhrú le hearnáil bhia mara na hÉireann dul i bhfód sna margaí sin le 5 bliana anuas, agus leanfaidh sé ar aghaidh de dheiseanna a fhorbairt sa tSín, san Áise Thoir Theas, san Afraic Thiar, sa Mheánoirthear agus i CIS.
- Gnó breisluacha níos airde i margaí lárnacha a dhaingniú
  - Tá cuideachtaí bia mara na hÉireann bunaithe go daingean cheana féin sna príomh-mhargaí san Eoraip agus soláthraíonn siad réimse an-leathan táirgí do thomhaltóirí san Eoraip trí bhíthin na gcainéal miondíola, seirbhíse bia, mórdhíola agus déantúsaíochta.Is iad na margaí Eorpacha sa Fhraince, sa Spáinn, sa Ríocht Aontaithe, san Iodáil agus sa Ghearmáin na cinn is mó d'onnmhairí bia mara, eadhon tuairim is 65% den luach onnmhairithe. Is é straitéis Bhord Bia maidir leis na margaí sin, suíomh luacha na hÉireann a fheabhsú, cabhrú leis an earnáil tuilleadh deiseanna breisluacha a shainaithint agus Éire a shuíomh mar sholáthraí bia mara den scoth ó fhoinsí inbhuanaithe.
  - Is príomhchuspóir iad cumarsáid Origin Green agus cáilíochtaí thionscal bia mara na hÉireann i ndáil leis sin do líonra oifigí Bhord Bia san Eoraip, chun deis a thabhair d'Éirinn í féin a shuíomh mar tháirgeoir inbhuanaithe a bhfuil cáilíochtaí dearbhaithe go neamhspleách aici.
- Build a vibrant home market
  - Le 2 bhliain anuas, tá Bord Bia ag díriú go príomha ar chur leis an bhfeasacht faoi na buntáistí a bhaineann le sliogéisc a ithe, go háirithe diúilicíní feirmshaothraithe na hÉireann. Díreofar, i bhfeachtais sa todhchaí, ar dhíolacháin bia mara na hÉireann a bhrú chun cinn trí bhíthin ionaid díola miondíola, seirbhíse bia agus ceannaí éisc éagsúla agus tacófar leis sin ag fógraíocht amuigh, ar an raidió, ag caidreamh pearsanta agus ag feachtas fairsing ar na meáin shóisialta, maille le foirne uirlisí miondíoltóra agus seirbhíse bia ina mbeidh ábhar díolphointe chun tacú le díolacháin. Tá ardú tuairim is 30-45% ar dhíolacháin a tharlaíonn an tráth céanna le feachtais tuairiscithe ag miondíoltóirí in Éirinn.



**Ba bhliain láidir í 2017 don earnáil, atá ag dul i méid, agus atá ina cuid thábhachtach de gheilleagar na tíre agus a chuir €1.15 billiún leis an OTI.**

# Earnáil na nGnólachtaí Beaga

**Cuireann gnólachtaí beaga bia agus dí méid tábhachtach le hinbhuanaitheacht agus le saibhreas gheilleagar na hÉireann sa todhchaí, agus cuireann tacaíocht faoin bpobal áitiúil agus faoin íomhá d'Éirinn mar sholáthraí bharr feabhais i mbia ardchaighdeáin, nuálaíoch agus inbhuanaithe.**

**Is é an sainmhíniú atá ag Bord Bia ar earnáil na ngnólachtaí beaga, gnólachtaí a mbíonn láimhdeachas bliantúil níos lú ná €3.5milliún acu. Meastar gur fiú €300m-€450m an earnáil in Éirinn. Is earnáil éagsúil í lena gcuimsítear feoil, beoir, déiríocht, caife, tae agus bia mara. Bíonn gnólachtaí beaga bia agus dí dearfach de ghnáth maidir leis na deiseanna a bhíonn ar fáil chun a ngnólachtaí a fhás i margaí baile agus onnmhairithe**



**Meastar gur fiú €300m-€450m an earnáil in Éirinn agus is earnáil éagsúil í lena gcuimsítear feoil, beoir, déiríocht, caife, tae agus bia mara.**



**Téamaí:**

- ***Tábhacht an ruda Fíor:*** faoi threoir ag tomhaltóirí atá ar thóir táirgí agus brandaí a bhfuil bunús iontaofa, níos trédhearcaí agus ionraic acu. Mar gheall gurb ionann rud beag agus rud fíor, is é dearcadh na dtomhaltóirí gur ábhartha í an earnáil.
- ***Maireachtáil fhreagrach:*** faoi threoir ag inbhuanaitheacht agus cúram don chomhshaol, go háirithe maidir le pacáistiú. Tá tiomantas pearsanta intuigthe ag baint le Gnólachtaí Beaga agus cabhraíonn sin le cumas na hearnála leas a bhaint as an spás sin.
- ***Sláinte agus Folláine:*** atá ag brú nuálaíochta chun cinn san earnáil ach a d'fhéadfadh bheith ina dhúshlán fadtéarmach do roinnt cineálacha táirgí.
- ***Dinimicí Margaidh:*** Beidh tionchar an Bhreatimeachta, nach eol dúinn fós, ina chatalaíoch don athrú san earnáil. Leanfar de tháirgí den scoth a chruthú/lorg? sa mhargadh, beidh tionchar ag an bhfás i gcúrsaí digiteacha air agus beidh dúshlán roimhe de bharr scála coibhneasta na dtáirgeoirí san earnáil.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia

- ***Forbairt Cumais i Scileanna Tráchtála do Ghnólachtaí Beaga:*** Díriú ar scileanna fiontraithe agus gnólachtaí beaga a fhorbairt maidir le custaiméirí tráchtála a shainaithint agus a bhainistiú.
- ***Nuálaíocht faoi threoir ag Tomhaltóirí:*** Díriú ar phróiseas nuálaíochta faoi threoir ag léargas a chruthú a chuirfidh ar chumas cuideachtaí muinín a bheith acu as a NPD faoi threoir ag tomhaltóirí.
- ***Gnólachtaí Beaga a Fhás:*** Díriú ar thacú le gnólachtaí ardphoitéinsil a bhfíseanna agus a dtograí a fhorbairt chun a gcuid fáis a luasghéarú.
- ***Tacú le Gnólachtaí bheith Ullamh chun tabhairt faoin Onnmhairiú:*** scileanna onnmhairithe a fhorbairt i ngnólachtaí atá ullamh chun tabhairt faoin onnmhairiú d'fhonn deiseanna faoi threoir ag catagóirí a shainaithint
- ***Gnólachtaí Beaga a Stiúradh chuig an tacaíocht is fearr:*** Chun cabhrú le gnólachtaí teacht ar na tacaíochtaí is fearr, cruthóidh Bord Bia 'comharthaíocht' a chabhróidh le gnólachtaí beaga a thuiscint cad é an cúnamh atá ar fáil ó gach eagraíocht stáit.

# Earnáil an Alcóil



**Bhí tréimhse fáis leanúnach ag uisce beatha na hÉireann le 12 bhliain anuas áit ar baineadh amach ráta fáis bliantúil cumaisc díreach os cionn 9% sa tréimhse ar bhonn domhanda. Díoladh beagnach 10.5m gcás 9L in 2018. SAM an margadh is luachmhaire d'uisce beatha na hÉireann, áit ar baineadh amach fás i bhfigiúirí dúbailte le 10 mbliana anuas, luach os cionn €340m sa mhargadh sin in 2018, rud a léiríonn ráta fáis bliantúil cumaisc deich mbliana de 16.5%. Cé gur an-dearfach i gcónaí iad na treochtaí tuartha don chatagóir, agus cé go leanfar d'infheistiú i margadh SAM a chosaint agus a fhás, ní mór fiosrú cosantach a dhéanamh chun rioscaí a éagsúlú, a bhuíochas don timpeallacht pholaitiúil sa mhargadh sin.**

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an margadh domhanda d'uachtair licéir Éireannaigh, mar théarnamh ó na dúshláin a bhí roimhe de bharr an chúlaithe eacnamaíochta le déanaí. Baineadh amach díolachán beagnach 7.9m gcás in 2018, léiriú ar fhás 5%.

Tá ráig fáis ar an gcatagóir in Éireannach faoi láthair. Ní raibh ach dhá dhéantúsóir i mbun táirgeachta in 2012, agus tá os cionn 20 drioglann jin sa tír faoi láthair. Tháinig an fás sin ar aschur mar thoradh díreach ar an bhfás ar an éileamh ar an táirge ar fud an domhain. Tá an-tóir ar jin i mbeagnach gach margadh sa domhain, agus tá vodca agus, i roinnt cásanna, biotáille dhonn thíos leis dá bharr, de réir mar a thagann ardú ar an líon beár manglam.

Cé gur margadh beag é, tá athbheochan tagtha ar an bpoitín le blianta beaga anuas. De bharr gurb é an t-aon bhiotáille de bhunadh na hÉireann, tá deis aige suíomh margaíochta uathúil a fhorbairt.

Meastar go bhfuil tuairim is 100 micreaghrúdlann ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann. Is micreaghrúdlann táirgeachta iad 72 díobh sin agus is úinéirí brandaí iad ar a laghad 30 díobh a aimsíonn a gcuid táirgí go léir ó micreaghrúdlann táirgeachta. Tháinig ardú 16% ar an líon micreaghrúdlann táirgeachta ó 62 i lár-2016 go 72 i lár-2017.

D'ainneoin an fháis sin, tá dúshlán roimh an gcatagóir Beoir Cheirde Éireannach. Margadh teoranta é an margadh tomhaltóirí do bheoir cheirde in Éirinn agus tá aird tarraingthe ag na cuideachtaí ilnáisiúnta agus ag brandaí allmhairithe ar an éileamh ar bheoir cheirde anseo. Cé go rabhthas ag súil go mbainfí díolachán €49m amach in 2018, níltear ag súil le fás leanúnach i margadh den mhéid seo, go háirithe leis an líon allmhairí atá ar fáil agus atá ag glacadh suas go 90% . Tá margaí onnmhairithe ag éirí níos tábhachtaí don chatagóir dá bharr.

### Téamaí:

- Tá biotáillí Éireannacha den scoth réidh le leas a bhaint as an ardú ar líon na mbeár uisce beatha ar fud an domhain, as ardú ar thomhaltas manglam agus as ardú suntasach ar éileamh tomhaltóirí ó mhargaí atá ag teacht chun cinn agus ina bhfuil goile maidir le táirgí allmhairithe den scoth.
- Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar dhá threocht éagsúla; marijuana a bheith dlíthiúil anois in go leor stát i SAM agus an tionchar a thuartar a bheidh aige sin ar thomhaltas biotáillí agus ar an bhfás ar an éileamh domhanda ar dheochanna neamhalcólacha nó ar mhéid íseal alcóil do dhaoine fásta.
- Tá an t-éileamh méadaitheach ar bheoir cheirde faoi threoir ag mian láidir i measc na dtomhaltóirí beorach ceirde don rud 'áitiúil', ag an gceird ag éirí níos coitianta agus ag nuálaíocht leanúnach sa tionscal.

Áirítear ar na príomh-thionscnaimh straitéiseacha ar a ndíreoidh Bord Bia:

- Na hacmhainní d'fhorbairt margaidh earnála a dhíriú ar na 5 mhargadh tosaíochta agus ordlathas cainéal do na catagóirí biotáille.
- Bearnaí eolais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu de réir na catagóirí dí agus na cuideachta, agus cabhrú go gníomhach le forbairt ar straitéise margaíochta agus ar chur i bhfeidhm straitéise margaíochta trí bhíthin Bhaile Átha Cliath agus an líonra oifigí thar sáile.
- Spleáchas a laghdú i bpríomh-mhargaí trí bhíthin onnmhairí chuig limistéir nua lena mbaineann ard-phoitéinseal a fhorbairt, fad a gcosnaítear na honnmhairí reatha chuig na margaí sin.
- Feasacht faoi uisce beatha a fhorbairt i margaí reatha agus i margaí atá ag teacht chun cinn chun tuiscint níos soiléire air a bhrú chun cinn, maidir le bheith difriúil ó na hiomaitheoirí sa chatagóir.
- Fás teoranta sa mhargadh baile do bheoir cheirde Éireannach agus dul sa tóir go díograiseach ar fhorbairt margaí onnmhairithe.

**Bhí tréimhse fáis leanúnach ag uisce beatha na hÉireann le 12 bhliain anuas áit ar baineadh amach ráta fáis bliantúil cumaisc díreach os cionn 9% sa tréimhse ar bhonn domhanda.**

# Tionscal Bhord Bia maidir le Beartú Tosaíochta Margaidh

## Cúlra

De bharr sprioc Food Wise 2025 maidir le hardú €6.5 billiún a chur ar luach onnmhairí bia agus dí sna hocht mbliana amach romhainn, maille leis an neamhchinnteacht faoi onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe i bhfianaise chinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil, is léir nach mór don earnáil cur chuige struchtúrtha a ghlacadh i leith fáis mhargaidh.

Agus Éire ag onnmhairiú chuig 180 margadh domhanda faoi láthair, ní mór na margaí sin a chuireann an deis fáis is fearr ar fáil sa ghearrthéarma go dtí an fadtéarma a shainaithint.

## Cur chuige ar Bheartú Tosaíochta Margaidh

Agus aird aige ar an méid sin, choimisiúnaigh Bord Bia, i gcomhar leis an DAFM, tionscadal um bheartú tosaíochta margaidh don fheoil, do dhéiríocht, do bhianna tomhaltóra ullmhaithe, do dheochanna agus do bhia mara. Mar seo a leanas príomhchuspóirí an staidéir:

- Scrúdú a dhéanamh ar tharraingteacht fhéideartha mhargaí éagsúla de réir na catagóire
- Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal go ndéanfadh Éire soláthar dóibh

Tugadh faoin tionscadal agus aird ar na haschuir ionchais seo a leanas:

- Liosta de na 15 mhargadh 'tosaíochta' de réir catagóire bunaithe ar fhás
- Modheolaíocht fhoirmiúil le húsáid amach anseo
- Sraith tuarascálacha achoimre do mhargaí tosaíochta

Tá tuarascáil achomair ullmhaithe le haghaidh gach ceann de na 15 margaí is tábhachtaí sna hearnálacha feola, déiríochta, bianna tomhaltóra ullmhaithe, deochanna agus bia mara, ina leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe na dinimicí a bhaineann le gach margadh, anailís ar iomaitheoirí, deiseanna féideartha d'Éirinn agus aon chonstaicí atá le sárú. Maidir le feoil agus déiríocht, díríodh ar bhreathnú ar mhargaí lasmuigh den Eoraip agus cuireadh an Ríocht Aontaithe as an áireamh ón anailís maidir le gach earnáil.

I ndiaidh na 15 thuarascáil achomair a thabhairt chun críche do gach earnáil, rinneadh sraith chomhairliúchán tionscail chun grúpa níos lú margaí a chomhaontú, le scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh orthu chun an léargas domhain atá de dhíth a fháil, chun cabhrú le cuideachtaí ábhair cliaint a shainaithint, tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais custaiméirí agus ar a mbeadh i gceist go praiticiúil le dul i mbun gnó sa mhargadh.

Tá an obair sin tugtha chun críche anois maidir le cúig mhargadh don fheoil (an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Mhalaeisia, Vítneam agus Meicsiceo), agus dul chun cinn maith déanta ar an obair maidir le cúig mhargadh don déiríocht (an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Indinéis, na hOileáin Fhilipíneacha agus Vítneam) agus tá obair le tosú maidir le bianna tomhaltóra ullmhaithe agus deochanna.

Beidh torthaí an Staidéir ar Bheartú Tosaíochta Margaidh ina gcúnamh freisin le leithdháileadh acmhainní Bhord Bia ó thaobh ár seirbhísí tacaíochta um bhealach go dtí an margadh do chliantchuideachtaí, lena n-áirítear cuairteanna staidéir mhargaidh, misin trádála, cuairteanna ceannaitheoirí isteach agus cuairteanna ar shiopaí. Táthar ag súil go gcabhróidh an méid sin le cliantchuideachtaí ina gcuir chuige ar dheiseanna margaidh nua a shainaithint agus a fhorbairt.

## Margaí tosaíochta de réir na hearnála

| Feoil (Mairteoil, Caoireoil & Muiceoil) | Déiríocht | Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe | Deochanna | Bia Mara |
|---|---|---|---|---|
| An Astráil | An Ailgéir | An Astráil | An Astráil | An Astráil |
| An tSile | An Bhrasaíl | An Bheilg | Ceanada | An Bheilg |
| An tSín | An tSín | Ceanada | An tSín | Ceanada |
| Hong Cong | An Éigipt | An Fhrainc | Poblacht na Seice | Poblacht na Seice |
| An Indinéis | An Indinéis | An Ghearmáin | An Fhrainc | An Danmhairg |
| An Iaráin | An tSeapáin | Hong Cong | An Ghearmáin | An Fhionlainn |
| An tSeapáin | An Mhalaeisia | An tSeapáin | An Iodáil | Hong Cong |
| An Mhalaeisia | Meicsiceo | Cuáit | An tSeapáin | An Indinéis |
| Meicsiceo | An Nigéir | An Ísiltír | Meicsiceo | Iosrael |
| An Nua Shéalainn | na hOileáin Fhilipíneacha | Catar | An Ísiltír | Cuáit |
| Singeapór | An Araib Shádach | An Araib Shádach | An Pholainn | An Mhalaeisia |
| An Chóiré Theas | An Chóiré Theas | An Chóiré Theas | An Rúis | An Araib Shádach |
| An Téalainn | AEA | An tSualainn | An tSlóvaic | An Eilvéis |
| AEA | SAM | AEA | An Afraic Theas | AEA |
| Vítneam | Vítneam | SAM | SAM | SAM |

Nótaí:
1. Cuireadh an Ríocht Aontaithe as an áireamh san anailís
2. Maidir le hanailís ar fheoil agus ar dhéiríocht, díríodh ar mhargaí lasmuigh den AE
3. Maidir leis an liosta bia mara cuirtear leis an obair ar Bheartú Margaíochta a tugadh chun críche san Áise Thoir Theas in 2016/17



Borradh a chur faoi rath Bhia agus Ghairneoireacht na hÉireann.

Bord Bia
Irish Food Board

